

Dún Laoghaire-Ráth an Dúin

# Straitéis Aoisbhá

2022 - 2026

dlr
Comhairle Contae County Council

Dún Laoghaire Rathdown
Age Friendly County

## Eolas teagmhála:

Clár Aoisbhá dlr

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

An Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha

Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire,

Contae Bhaile Átha Cliath, Éire. A96 K6C9

T: 01 205 4893 R-phost: community@dlrcoco.ie

www.dlrcoco.ie

@AgeFriendlydlr

# Clár na nÁbhar

Fáilte ón gCathaoirleach, an Comhairleoir Mary Hanafin .... 4
Scéala ón gCathaoirleach ar Chomhaontas Aoisbhá dlr .... 5
Réamhrá .... 6
Seirbhís Chomhroinnte Náisiúnta Aoisbhá Éireann .... 7
Clár Aoisbhá dlr .... 8
Ballraíocht Chomhaontas Aoisbhá dlr .... 9
Comhairle Daoine Breacaosta dlr .... 9
Príomhéachtaí 2016-2022 .... 10
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin: na staitisticí is tábhachtaí .... 12
Comhthéacs beartais .... 16
An Mhodheolaíocht a d'úsáideamar .... 17
An Comhairliúchán a rinneamar .... 18
Ár Misean, Ár Luachanna agus Ár bhFís .... 24
Plean Forfheidhmithe Aoisbhá dlr .... 25
Tosaíochtaí agus Cuspóirí Straitéiseacha .... 26
Monatóireacht agus Athbhreithniú .... 78

**Aguisín I**

Straitéis Aoisbhá 2022-2026 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin,
Tuarascáil ón gComhairliúchán Poiblí .... 79
Tagairtí .... 105
Buíochas .... 106



# Fáilte ón gCathaoirleach, an Comhairleoir Mary Hanafin

Idir sléibhte agus muir, contae is ea Dún Laoghaire – Ráth an Dúin (dlr) a bhfuil sráidbhailte agus pobail bhríomhara bheoga le fáil ann.  Áit atá ann a bhfuil daoine in ann a bheith faoi bhláth agus barr a gcumais a bhaint amach cibé tráth a bhfuil siad sa saol.  Ar an ábhar go bhfuil daonra breis agus 218,000 duine (Daonáireamh 2016 na Príomh-Oifige Staidrimh), líon níos airde ná an meán atá sa líon daoine os cionn 65 bliain d'aois, thart ar 15.9% de dhaonra Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.  Seo sciar níos airde ná an meán náisiúnta de 13.4% agus níos airde chomh maith ná an meán i mBaile Átha Cliath, is é sin 12%.

Cuirim fáilte roimh Straitéis Aoisbhá dlr (2022-2026), an dara straitéis dár gcuid. Is é is aidhm don straitéis an méid atá i ndán do dhaoine breacaosta ina gceantar féin a chosaint ionas go mbeidh siad in ann plé go dearfach lena bpobal féin a fhad is féidir agus go gcuirfidh na seirbhísí ar dóigh atá againn le sláinte agus folláine na ndaoine sin.  Tá sé léirithe sa straitéis roimhe seo a éifeachtaí agus atáimid agus sinn ag obair i gcomhar lenár gcomhpháirtithe sa Chomhaontú Aoisbhá.  Ba léir an méid sin le linn phaindéim COVID-19 go speisialta nuair a bhain ár gcomhpháirtithe leas as Glao an Phobail mar phróiseas le freastal gan stad ar dhaoine sna pobail atá breacaosta agus orthu siúd is leochailí.  Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

Baineann straitéisí contae le ham is le háit, is cuma más straitéis, gheilleagrach nó timpeallachta atá i gceist. Am machnamhach atá ann agus Straitéis Aoisbhá dlr (2022 – 2026) á forbairt agus á seoladh.  Tar éis dúinn go léir teacht aniar dochreidte a léiriú agus paindéim COVID-19 ann, tá dúshláin úra romhainn agus éiginnteacht ag baint leo mar gheall ar an achrann san Úcráin faoi láthair, na riachtanais mhóra imirce agus athlonnaithe atá ann dá bharr, agus na hathruithe geilleagracha a bheidh romhainn sna míonna agus sna blianta atá le teacht.  Ní neart go cur le chéile.

Bíodh sin mar atá, táim muiníneach go gcuirfidh Straitéis Aoisbhá dlr (2022-2026) le saol na ndaoine breacaosta atá ag cur fúthu sa chontae, pobal a bhfuil fás air.  Dearadh an straitéis le freastal ar riachtanais gach duine agus leis na héilimh a bhaineann le ré dhigiteach a shásamh.  I gcroílár na straitéise tá an aisling, an bunchuspóir, na luachanna agus tosaíochtaí straitéiseacha atá mar bhonn fúithi mar chreat thart ar chlár solúbtha ionchuimsitheach gnímh idirghlúine a chuirfidh leis an 'aoisbhá le cách' in dlr as seo go ceann ceithre bliana.




**An Cathaoirleach, an Comhairleoir Mary Hanafin**



# Scéala ón **gCathaoirleach ar Chomhaontas Aoisbhá dlr**

Plean spreagúil uaillmhianach atá againn do na ceithre bliana atá romhainn i Straitéis Aoisbhá dlr (2022-2026). Tá an straitéis dírithe ar riachtanais agus spriocanna daoine breacaosta i gcontae dlr agus, mar thaca fúithi, tá gealltanais tugtha ag gach páirtí leasmhar agus comhpháirtí dár gcuid go mbeimid ag saothrú as lámha a chéile le dea-thionchar a imirt ar shaol an phobail agus ar an aosú folláin sa chontae.

Agus aitheantas á thabhairt don mhéid atá bainte amach go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta le cúig bliana anuas ó thaobh aoisbhá de, agus do na buanna, don uaillmhian agus don teacht aniar atá léirithe sna pobail, is léir go bhfuil an fuinneamh agus neart againn a bhfuil sa straitéis fhorásach nua seo a bhaint amach. Fágann na foirgnimh agus sráid-dreacha inrochtana in dlr go bhfuil soghluaisteacht agus neamhspleáchas níos fearr ann do chách, idir óg agus aosta. Agus sinn ag dul anonn in aois, cuireann na comharsanachtaí sábháilte ar ár gcumas dúinn páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí fóillíochta agus sóisialta coirp. Bíonn níos lú strus ann do theaghlaigh agus tuiscint acu go bhfuil na cineálacha tacaíochta agus seirbhísí sláinte ag a muintir atá breacaosta agus a theastaíonn uathu. Tá daoine breacaosta in dlr ag baint tairbhe as deiseanna nua foghlama sa litearthacht agus san fhoghlaim dhigiteach agus ag dul i dtaithí ar bhealaí nua le bheith i dteagmháil leis na daoine eile ina bpobal féin. Lena chois sin, tá an pobal ar fad in ann leas a bhaint as an obair a dhéanann daoine breacaosta, idir obair íoctha agus obair dheonach.

Mar a deir an seanfhocal, is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. Níl amhras ar bith orm go mbeidh na luachanna atá i gcoitinne againn, an chomhbhá, an comhar, an nuáil, an t-ionchuimsiú agus an meas mar threoir againn leis an straitéis seo a bhaint amach. Tá sé ar ár gcumas dúinn difear a dhéanamh agus muid ag obair i gcomhar a chéile le gur áit chónaithe níos fearr fós a bheidh againn in dlr agus sinn ag dul anonn in aois.



**Eugene Magee**

Cathaoirleach ar Chomhaontas Aoisbhá dlr



# Réamhrá

Agus an straitéis nua seo bunaithe ar na héachtaí móra a baineadh amach mar thoradh ar an gcéad Straitéis Aoisbhá (2016 go 2020) a chuireamar amach, tá an iliomad tuairimí éagsúla ó dhaoine breacaosta ar fud an chontae mar bhonn fúithi agus í á treorú ag comhairliúchán fadréimseach atá déanta againn le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe. Agus an straitéis fréamhaithe againn i dtreoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte um an Aoisbhá, tá dearcadh níos comhtháite glactha againne, agus sinn ag féachaint leis an deis a thapú i gcónaí chun na cuspóirí agus gníomhartha atá leagtha amach againn a chur i gcomhthéacs phróisis ghinearálta an réigiúin ó thaobh spáis, pobail agus geilleagair de. An toradh atá ar an méid sin go léir ná Straitéis Aoisbhá agus plean atá dírithe ar mhuintir, ar áiteanna agus ar phobail an réigiúin agus ina n-aithnítear gur mó a bhainfimid amach má bhímid ag obair go dlúth i gcomhar a chéile. Ós rud é go bhfuil cruth níos fearr sna craobhacha pleanála seo, agus eatarthu, is fusa a bheidh sé an Straitéis Aoisbhá seo againne a chur chun feidhme, súil a choinneáil ar éifeacht agus tionchar na Straitéise agus an méid sin a mheas.

Má táimid chun an aisling atá againn go léir a bhaint amach, gur áit atá i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin 'ina bhfuil daoine in ann a bheith faoi bhláth agus barr a gcumais a bhaint amach ina bpobal agus comharsanacht áitiúil féin i gcaitheamh a saoil', caithfimid a bheith ag obair go maith i gcomhar a chéile leis an timpeallacht fhisiceach, an timpeallacht shóisialta agus caighdeán na seirbhísí comhcheangailte atá againn a fheabhsú de réir a chéile. Tá trí shnáithe nasctha fite fuaite san obair seo: a) tá an cur chuige a ghlacaimid i leith dearadh timpeallachta agus seirbhíse ionchuimsitheach agus uilíoch; b) tá an cur chuige a ghlacaimid i leith acmhainní inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus cuirtear cúrsaí aeráide san áireamh ann, agus c) in imeacht aimsire, beimid in ann cur leis na deiseanna a bheidh ag gach duine, daoine breacaosta go háirithe, páirt a ghlacadh go gníomhach i sochaí atá ag éirí níos digití go sciobtha agus, dá bharr, beimid in ann an baol ón eisiamh digiteach a bhaint.

Táimid ag dúil le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe sa Chomhaontas Aoisbhá sa tréimhse dhúshlánach seo lena chinntiú go mbeidh daoine breacaosta ag plé go dearfach leis na seirbhísí, áiseanna agus conláistí atá againn agus go mbeidh siad in ann tairbhe a bhaint as dea-shláinte, folláine agus taitneamhacht ina bpobal féin.

**Frank Curran**

Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

# Seirbhís Chomhroinnte Náisiúnta Aoisbhá Éireann

Is éard atá in Aoisbhá Éireann seirbhís chomhroinnte den rialtas áitiúil á reáchtáil ag Comhairle Contae na Mí. Is é a dhéanann an tseirbhís chomhroinnte an Clár Aoisbhá náisiúnta a bhainistiú, clár atá comhcheangailte le Líonra Cathracha Aoisbháúla agus Pobal Aoisbháúil na hEagraíochta Domhanda Sláinte.  Tá an clár náisiúnta á fheidhmiú bunaithe ar chreat foirne agus 31 Clár Aoisbháúil air, iad á reáchtáil ag an rialtas áitiúil.

Is éard a dhéanann an tSeirbhís Chomhroinnte Náisiúnta Aoisbhá tacaíocht a thabhairt i gcathracha, contaetha, bailte móra, sráidbhailte agus i bpobail faoin tuath ar fud na hÉireann le go mbeimid réidh don ardú gasta ar an líon daoine atá ag dul in anonn in aois. Leis sin a dhéanamh, bítear ag díriú níos mó ar na tosca timpeallachta, geilleagracha agus sóisialta a imríonn tionchar ar shláinte agus folláine daoine fásta atá breacaosta.

Bítear ag obair i gCláir Aoisbhá le sráideanna insiúlta, tithíocht agus roghanna iompair a chur ar fáil, chomh maith le teacht ar na seirbhísí is tábhachtaí agus deiseanna ag daoine breacaosta páirt a ghlacadh in imeachtaí pobail. Dá bhrí sin, áiteanna ar dóigh atá sna pobail sin do dhaoine ar gach aois, agus áit chónaithe ar feadh an tsaoil in amanna.

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | An Roinn Sláinte | An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail | An Roinn Iompair

**Rialachas - Grúpa Comhairleach Náisiúnta**

**Cur chun feidhme Áitiúil**

- Na Comhaontais Aoisbhá
- Bainisteoirí an Chláir Aoisbhá
- Comhairlí Daoine Breacaosta
- Speisialtóirí sa Tithíocht Aoisbháúil

**Cur chun feidhme Náisiúnta**

- Cathaoirligh Náisiúnta ar Chomhaontais Aoisbhá
- Seisear (6) Bainisteoirí ar Chláir Réigiúnacha
- Líonra Náisiúnta Comhairlí Daoine Breacaosta
- An Fóram Náisiúnta Eagraíochtaí Neamhrialtasacha

**Seirbhís Chomhroinnte Aoisbhá Éireann** | **Comhairle Contae na Mí**

**Baill den Chomhaontas Aoisbhá**

FSS, an Roinn Iompair, ionadaithe ón gComhairle Daoine Breacaosta, an Garda Síochána, Comhpháirtíochtaí Ollscoileanna, Boird Oideachais agus Oiliúna, Eagraíochtaí Deonacha

**Grúpa Comhairleach Náisiúnta**

Triúr (3) Príomhfheidhmeannach in Údaráis Áitiúla, Ceathrar (4) Rúnaithe Cúnta, Stiúrthóir Náisiúnta FSS, Coimisinéir Cúnta, POF Chomhlachais Éireann

*Fíor 1: Struchtúr Sheirbhís Chomhroinnte Aoisbhá Éireann*

# Clár Aoisbhá dlr

Shínigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (CCDLRD) Forógra Bhaile Átha Cliath ar Chathracha agus Pobail Aoisbháúla in 2013 inar tugadh gealltanas go mbeimis ag obair lenár gcomhpháirtithe le caighdeán na beatha a fheabhsú i gcás daoine breacaosta sa chontae.



Gníomhaíochtaí coirp Aoisbhá i bPáirc Chábán tSíle

Tá Clár Aoisbhá Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin atá bunaithe i gComhairle Contae dlr mar pháir de chlár náisiúnta, sinn ag obair le comhpháirtithe le caighdeán na beatha a fheabhsú do dhaoine breacaosta sa chontae ar na dóigheanna seo:

- Obair i gcomhar a chéile i gComhairle Contae dlr féin le sráideanna insiúlta, ríocht phoiblí aoisbháúil, roghanna tithíochta agus iompair agus seirbhísí aoisbháúla a chur ar fáil;
- Gníomhaíochtaí agus cláir aoisbháúla a eagrú i gcomhar le Leabharlanna agus Oifig Ealaíon dlr; Clár dlr chun aitheantas a thabhairt do Ghnólachtaí Aoisbháúla; deiseanna a eagrú go mbeidh daoine breacaosta in ann páirt a ghlacadh in imeachtaí pobail;
- Obair a dhéanamh i gcomhar le grúpaí agus eagraíochtaí pobail agus deonacha áitiúla, grúpaí gníomhaíochta lucht scoir, botháin na bhFear, ionad seandaoine, tithe altranais agus ionaid cúraim lae chun tacú le riachtanais daoine breacaosta iontu;
- Eolas a chur ar fáil maidir leis na hacmhainní agus gníomhaíochtaí atá ar fáil in Eolaire Aoisbhá Seirbhísí agus Gníomhaíochtaí do Dhaoine Breacaosta dlr; in Iris agus Bileoga Aoisbhá dlr; i bhfíseán faisnéise, srl.;
- Tacú le Comhairle Daoine Breacaosta dlr agus le Comhaontas Aoisbhá dlr;
- Féile Ionchuimsithe a eagrú chomh maith le himeachtaí a eagrú i gcomhair Lá Idirnáisiúnta na nDaoine Breacaosta agus Fhéile na Bealtaine;
- An tIonchuimsiú Digiteach a chur chun cinn agus maoiniú a chur ar fáil do thionscadail Aoisbhá éagsúla.

# Ballraíocht Chomhaontas Aoisbhá dlr

Comhpháirtíocht straitéiseach atá i gComhaontas Aoisbhá dlr a bunaíodh in 2014 le bheith ag obair i gcomhar a chéile chun tacú le daoine breacaosta sa Chontae agus le ceannasaíocht a thabhairt chun Straitéis Aoisbhá dlr a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Tá ionadaithe sa Chomhaontas ó ghrúpaí éagsúla, amhail Aoisbhá Éireann, ALONE, an Garda Síochána, Comhairle Contae dlr, Tascfhórsa dlr um Dhrugaí agus Alcól, Comhairle Daoine Breacaosta dlr, Líonra Rannpháirtíochta Poiblí dlr, Ionad Oibrithe Deonacha dlr, Bus Átha Cliath, Bord Oideachais agus Oiliúna BÁC agus Dhún Laoghaire, Comhlachas Tráchtála Dhún Laoghaire, FSS, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Parlaimint na Seanóirí in Éirinn, Maireachtáil go maith le Néaltrú (tionscadal de chuid Chumann Alzheimer na hÉireann), Making Connections, Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath, Grúpa Gníomhaíochta Thaistealaithe Dheisceart BÁC agus COBÁC.

Bíonn cruinniú ag an gComhaontas ceithre (4) huaire sa bhliain agus is é Eugene Magee an cathaoirleach air faoi láthair. Iar-Chathaoirleach é Eugene ar Bhord Ospidéal Pháirc Bhaile na Lobhar, comhalta reatha d'Údarás Ceannais Ollscoil Mhá Nuad agus é ag cur faoi ar an gCarraig Dhubh.

# Comhairle Daoine Breacaosta dlr

Cuireadh Comhairle Daoine Breacaosta Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar bun in 2001 agus an teideal ag an am sin ná 'Líonra Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin do Dhaoine Breacaosta'.

Grúpa is ea Comhairle Daoine Breacaosta dlr a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine breacaosta agus tá thart ar 50 grúpa, club agus cumann ar fud an chontae comhcheangailte de. Cuirtear fáilte sa chomhairle roimh aon eagraíochtaí neamhthráchtála agus daoine atá tiomanta ó thaobh caighdeán na beatha a fheabhsú i gcás daoine breacaosta sa chontae.

An ról atá ag Comhairle Daoine Breacaosta dlr réimsí tosaíochta a shonrú ó thaobh riachtanas de, ceisteanna tábhachtacha a ardú, eolas a chur ar fáil do phróiseas déanta cinntí Chlár Aoisbhá dlr agus tionchar a imirt ar an bpróiseas sin agus páirt a ghlacadh i struchtúir ar leibhéal náisiúnta.


Is é is príomhchuspóir do Chomhairle Daoine Breacaosta dlr tuairimí dílse daoine breacaosta a thabhairt agus ionadaíocht a dhéanamh ar an éagsúlacht i measc na ndaoine i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin atá ag dul anonn in aois.

# **Príomhéachtaí** 2016-2022


**Cuireadh líonra Chomhaontas Aoisbhá dlr** ar bun; bíonn cruinniú acu gach ráithe agus cuid mhór de na gníomhartha ó Straitéis Aoisbhá 2016-2020 curtha i bhfeidhm




**Irisí Aoisbhá dlr** 2021, 2022




**Eolaire Seirbhísí** do Dhaoine Breacaosta in dlr



**Léargas ar mo Shaol** Tionscadal idirghlúine Leabhair ag Instiitiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire agus Comhairle Daoine Breacaosta dlr



Seachadadh Leabhar Leabharlanna dlr

**Cláir Ealaíon agus Chultúir mar an fhéile** Cuairt agus Cultúr, Ceol i Veain agus an tionscadal Cuimhní Corraithe atá á gcur ar fáil ag Oifig Ealaíon dlr, Leabharlanna dlr agus Clár Aoisbhá dlr.


**Fóram Freagraí ó Pháirtithe Leasmhara maidir le Covid-19** – cuireadh an líne chabhrach Glao an Phobail ar bun agus baineadh cuid mhór amach: 4,500 glao; seachadadh siopadóireachta; Seirbhís Seachadta Leabhar Leabharlanna dlr; Glaonna agus Atreorú don Aonrú Sóisialta; Tacaíocht do Theaghlaigh agus tionscnaimh don tSláinte agus Folláine

**Táibléid ACORN**, ar clár iasachta le haghaidh Táibléid Chliste Aoisbhá é atá á reáchtáil ag Leabharlanna dlr le go bhféadfar forbairt a dhéanamh ar scileanna digiteacha



Seniors Alert Scheme

Scéim Foláirimh do Sheanóirí a chuir Cumann Daoine Breacaosta an Gharda Síochána ar fáil




**Scéim le haghaidh Glais Ardslándála** le go mbeidh daoine breacaosta ag mothú go sábháilte



**Cuireadh an** Clár chun Aitheantas a thabhairt do Ghnólachtaí Aoisbháúla **ar bun**

- **Comhairle Daoine Breacaosta dlr** a fhorbairt mar ghuth aontaithe thar ceann daoine breacaosta sa chontae
- Cumann Déagóirí agus Gníomhaíochta Lucht Scoir an Gharda Síochána
- **An clár Touchstone** atá á chur ar fáil i gcomhar a chéile ag CCDLRD, COBÁC, Aostacht agus Deiseanna, Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir na hÉireann agus Scothaois
- **Seirbhísí don Oideasú Sóisialta** agus tionscnaimh don Charadú atá forbartha ag Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath DLR agus ag Making Connections / Naisc a Chruthú
- COBÁC ainmnithe mar **Ollscoil Aoisbháúil**
- **Iniúchtaí Insiúltachta** curtha i gcrích in 12 cheann de cheantair Bainistíochta Eastáit, an Charraig Dhubh agus Dún Laoghaire




Cuireadh leis na seirbhísí **Béilí ar Rothaí**atá maoinithe ag FSS agus á seachadadh ag go leor comhpháirtithe deonacha agus pobail atá againn.

Deiseanna don **obair dheonach** a chur chun cinn



**'Móraonach dlr don Aosú Folláin'** i Meitheamh 2019



**10 gcinn de Bhotháin na bhFear** á bhforbairt ar fud an chontae




Tugadh isteach **aipeanna aoisbháúla** ó **ALONE**

# Dún Laoghaire-Ráth an Dúin: na staitisticí is tábhachtaí





Sa Straitéis Aoisbhá seo úsáidtear an cur chuige céanna don phróifíliú atá mar bhonn faoi Phlean Sláinte Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2019-2022. Cuidiú atá sna sonraí ó Dhaonáireamh 2016 leis na tréithe is tábhachtaí sa phobal a shonrú. Tá siad sin mar bhonn eolais agus taca faoin gcur chuige i leith na pleanála straitéisí do dhaoine breacaosta sa phobal seo. Tuigtear go forleathan go bhfuil saol níos faide ag muintir na hÉireann diaidh ar ndiaidh agus, mar sin, ní hionann saol daoine breacaosta mar a bhí ag glúnta roimhe seo.

## Próifíl ó thaobh Aoise agus Inscne de

De réir na bhfigiúirí in 2016 ón bPríomh-Oifig Staidrimh, **an daonra iomlán in dlr** ná

**218,018**



48% 52%

Tá **líon níos airde daoine atá breacaosta ná an meánráta** in dlr, is é sin

**34,669**

DUINE OS CIONN 65 BLIAIN D'AOIS

arb ionann é sin agus **15.9%** den daonra in dlr

sciar níos airde é seo ná an **meánráta náisiúnta**, is é sin **13.4%**

atá níos airde fosta ná an **meánráta i mBaile Átha Cliath** de **12%**

Tuairiscíodh i nDaonáireamh 2016 fosta go raibh **24,462** duine in dlr ar **"náisiúnaigh nach Éireannaigh"** iad, arb ionann sin agus **11.6%** DE DHAONRA AN CHONTAE

## Próifíl ó thaobh sláinte de

Tá léirithe i nDaonáireamh 2016 go bhfuil an chuma ar chúrsaí go bhfuil pobal dlr níos folláine ná an meánleibhéal sa Stát, agus tá sé ag

**89%**
den daonra go bhfuil an tsláinte acu

**go maith**
nó
**an-mhaith**

Tá an spórt agus gníomhaíocht an choirp tábhachtach do phobal dlr. Tugtar le fios i Monatóir Spóirt na hÉireann (2017) **gur mó duine a ghlacann páirt sa spórt in dlr ná in aon údarás áitiúil eile in Éirinn:**

**Is lú seans** go mbeidh grúpaí níos aosta páirteach in imeachtaí spóirt agus aclaíochta;

**38%**
astu siúd atá **65** bliain d'aois nó os a chionn i gcomparáid le

**73%**
astu siúd atá idir **16 - 24** bliain d'aois

a léiríonn gur gá **do níos mó daoine breacaosta páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht coirp.**

Is lú seans go mbeidh daoine atá **faoi bhreoiteacht nó míchumas** páirteach in imeachtaí spóirt agus aclaíochta (**48.5%** acu agus **56.2**% acu faoi seach).

Ní hionann cúrsaí i gcás an **Lucht Taistil** in dlr, ámh.

Bhí **411 ball de phobal an Lucht Taistil** ag cur fúthu i gceantar dlr sa bhliain 2016, líon daoine nach bhfuil athraithe mórán le 6 bliana anuas.

Tá sé suntasach go mbíonn **drochshláinte ar níos mó ball de phobal an Lucht Taistil** i gcomparáid leis an gcuid eile den phobal (Staidéar Sláinte Taistealaithe Uile-Éireann, 2010) agus **go mbíonn bacainní rompu agus iad ag iarraidh teacht ar oideachas, oiliúint, fostaíocht agus seirbhísí sláinte.**

Le linn an phróisis comhairliúcháin don Straitéis Aoisbhá seo, **mhol ionadaithe gur chóir cineálacha níos fearr tacaíochta a bheith ann mar aon le teacht níos fearr ar sheirbhísí**, go háirithe i gcás daoine breacaosta i bpobal an Lucht Taistil in dlr.

## Saoráidí agus áiseanna fóillíochta

Tá méid suntasach áiseanna in dlr a thugann tacaíocht ó thaobh sláinte de agus a spreagann daoine i dtreo na gníomhaíochta coirp.







Meastar go bhfuil

**80%** d'áiteanna cónaithe in dlr

**faoi 600 méadar ó pháirc.**




Club babhlála Dhún Laoghaire

## Leibhéil saibhris agus díothachta

Tá codarsnacht le fáil sa chontae in dlr. Tá ceantair ann a bhfuil saibhreas iontu agus cinn eile ann atá faoi mhíbhuntáiste. Is suntasach go bhfuil sé le tuiscint ón bhfianaise atá againn faoi láthair go bhfuil na ceantair bheaga atá faoi mhíbhuntáiste den chuid is mó thart ar eastáit tithíochta an údaráis áitiúil, idir eastáit reatha agus eastáit roimhe seo. Thart ar chuid mhór de na ceantair seo atá faoi mhíbhuntáiste tá eastáit atá níos saibhre agus, dá bharr sin, tá léiriú níos scaipthe ann ar an mbochtaineacht agus míbhuntáiste.

*I gcás 33 ceann de na 760 Ceantar Beag in dlr a bhfuil daonra 10,289 duine iontu, is é sin 4.7% den daonra iomlán, is é an aicme a tugadh dóibh ná faoi mhíbhuntáiste nó go mór faoi mhíbhuntáiste de réir Innéacs Pobal HP.*

### Impleachtaí le haghaidh Straitéis Aoisbhá dlr




Tá baol ann go dtiocfadh méadú ar an gcoimhthíos agus go dtiocfaidh laghdú ar dhaoine ó bheith páirteach sa tsochaí mar thoradh ar ráta an athraithe agus an dul chun cinn i ngach gné den saol: cúrsaí timpeallachta, sóisialta, cultúrtha, geilleagracha, teicneolaíochta. Dá réir sin, tá sé tábhachtach go mbeidh deiseanna ag daoine breacaosta le bheith gníomhach ó thaobh intinne de, go sóisialta agus ó thaobh gníomhaíocht coirp de, le caighdeán na beatha a chaomhnú a fheabhsú, leis an dea-shláinte a chothú agus le dul i ngleic leis an uaigneas.

Tá sé riachtanach go mbeidh teacht éasca ar sheirbhísí agus ar áiseanna áitiúla mar chuid de na deiseanna sin, agus go mbeidh deiseanna agus tacaíocht ann le go mbeidh daoine breacaosta gníomhach go fisiciúil agus go mbeidh siad páirteach go gníomhach ina bpobal áitiúil chomh fada agus is féidir.


Tá an straitéis seo deartha lena dheimhniú gur áit lán beochta a bheidh in dlr, áit a mbeidh daoine faoi bhláth agus a mbainfidh siad barr a gcumais amach ina bpobal agus comharsanacht féin i gcaitheamh a saoil. Agus an straitéis seo á cur i ngníomh againn agus sinn ag féachaint lenár n-aislingí a fhíorú i dteannta a chéile, táimid dícheallach ó thaobh a bheith ag obair i gcomhar le gach duine lena chinntiú go mbeidh daoine, agus muid ag dul anonn in aois, in ann plé le saol geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha a pobail, nasc a chruthú leis an saol sin agus páirt a ghlacadh ann, agus an méid sin go léir i gcultúr a bheidh báúil ó thaobh aoise de, fáilteach, ionchuimsitheach agus fáil air ag cách.

Siar go Clár na nÁbhar

# Comhthéacs beartais

Tá Straitéis Aoisbhá 2022 – 2026 dlr neadaithe mar chuid de líonra ceangailte de thionscnaimh náisiúnta ó thaobh straitéise agus beartais de. Tá cuid mhór de na tionscnaimh sin bunaithe ar threochtaí cúiseanna athraithe domhanda. Ní hamháin in dlr atá an pobal ag dul in aois. Ar aon dul le cathracha agus pobail go leor ar fud an domhain, caithfidh dlr cur le seasmhacht agus inbhuanaitheacht na háite chun freastal ar an meascán de chúiseanna brú atá ar mhullach a chéile: an t-athrú aeráide (aon phláinéid amháin), uirbiú, soghluaisteacht uirbeach/tuaithe (naisc idir áiteanna agus áiteanna lonnaithe), domhandú agus ina dhiaidh (síocháin agus rathúnas), agus athrú déimeagrafach (daoine ar gach aois agus cumas, agus de gach grúpa eitneach san áireamh), san am atá i láthair agus san am atá le teacht a bheidh ag athrú go tapa.

Tá sé fíorthábhachtach go mbeidh na spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha a bheidh mar chuid de Straitéis Aoisbhá dlr sa chéad tréimhse eile ag teacht le straitéisí náisiúnta agus áitiúla chun dul i ngleic leis na dúshláin seo, agus ag cur leo, go speisialta an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíoch, an Plean Forbartha Contae, an Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil, agus straitéisí agus beartais ábhartha a bhaineann le cúrsaí eacnamaíocha agus pobail, mar atá i bhFíor 2 thíos. In ainneoin nach ionann na hamlínte chun na pleananna gaolmhara seo a fhorbairt agus a chur i ngníomh i dtólamh, déantar gach iarracht lena dheimhniú go mbeidh na beartais seo ag teacht lena chéile leis an éifeacht is mó agus is féidir a bhaint astu.




*Fíor 2: Comhréiteach Aoisbhá Bheartas dlr (Foinse: Rodd Bond)*

# An Mhodheolaíocht a d'úsáideamar

I mí an Mheithimh 2013 shínigh CCDLRD Dearbhú Bhaile Átha Cliath maidir le Cathracha agus Pobail Aoisbhéúla san Eoraip le go mbeadh sé cleamhnaithe le Líonra Domhanda na hEagraíochta Domhanda Sláinte um Chathracha agus Pobail atá Aoisbhéúil. Ciallaíonn sé sin go bhfuil Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tiomanta anois d'oibriú i dtreo a bheith ina Chontae Aoisbhéúil trí shochaí chuimsitheach agus chothrom a chruthú inar féidir le daoine breacaosta saol a bheith acu a bheidh iomlán, gníomhach, luachmhar agus sláintiúil.

Bhí foilsiú Straitéis Aoisbhá dlr 2016 – 2020 agus bunú an Chomhaontais Aoisbhá ar na chéad chéimeanna i dtreo an gealltanas sin a chomhlíonadh. Mar chuid den Chomhaontas tá príomhghníomhaireachtaí sa Chontae a bhfuil sé de chúram orthu an Straitéis Aoisbhá a mhaoirsiú agus a chur chun cinn agus é mar sprioc acu a dheimhniú gur 'áit iontach atá in dlr chun dul in aois inti'.

Thug dlr faoi Straitéis nua Aoisbhá 2022-2026 i gcomhairle e Comhaontas Aoisbhá dlr. Bhí an straitéis le bheith bunaithe ar na prionsabail taobh thiar den dearadh uilíoch agus bheadh sonraí ann maidir leis an gcaoi a bhféadfadh príomhpháirtithe leanúint ar aghaidh ag obair le chéile le gníomhartha neamhspleácha a bhaint amach agus lena dheimhniú go mbeadh ardchaighdeán cáilíochta na beatha ag daoine breacaosta sa chontae.


Seo an méid a bhí i gceist leis an bpróiseas:

- Plé leis na príomhpháirtithe leasmhara atá ag Comhaontas Aoisbhá dlr chun tógáil ar an gcur chuige comhpháirtíochta cruthaithe a glacadh roimh aimsir Covid-19 cheana, le linn na paindéime agus i ndiaidh na haimsire sin.
- Obair a dhéanamh go dlúth le hoifig áitiúil an Chláir Aoisbhá in dlr chun teacht ar phlean forfheidhmithe leis an straitéis a bhaint amach agus aiseolas rialta a chur ar fáil ar an dul chun cinn.
- Taighde deisce a dhéanamh chun teacht le straitéisí áitiúla reatha agus atá á bhforbairt agus le tuarascálacha bliantúla agus taighde a bheadh ag teacht le sonra náisiúnta/idirnáisiúnta.
- Tabhairt faoi phríomhphróisis ó thaobh rannpháirtíochta, comhdheartha agus comhchruthaithe de le páirtithe leasmhara Aoisbhá chun cur chuige neamh-chomhtháite a sheachaint.
- Próiseas mór comhairliúcháin a dhéanamh, suirbhé poiblí ar líne san áireamh chomh maith le grúpaí fócais ar líne agus i láthair go pearsanta agus cruinnithe ar an láthair.
- Na naisc a aithint idir téamaí, cuspóirí agus gníomhartha i dteannta le páirtithe leasmhara éagsúla. Próiseas fíorthábhachtach é seo le go mbeidh an straitéis comhleanúnach.
- An straitéis agus próiseas scríofa an phlean a chur i ngníomh, a chuimsigh na torthaí ón taighde deisce agus léirbhreithnithe ar an litríocht, tuairimí ó pháirtithe leasmhara éagsúla agus ó rannóga sonraithe, aiseolas ó gach cruinniú agus comhrá. Nuair a cuireadh an méid sin le chéile, bhí creatlach ann don phlean.

Siar go Clár na nÁbhar

# An Comhairliúchán a rinneamar

Bhí an smaointeoireacht dhomhanda mar chreatlach don chomhairliúchán; baineadh feidhm as **na naoi dtéama** a bhaineann le *clár na hEagraíochta Domhanda Sláinte um Chathracha Aoisbhháúla* mar bhunús chun plé a dhéanamh ar na feabhsuithe a baineadh amach, agus a bhí fós le baint amach, lena dheimhniú gur 'Áit Aoisbhháúil' a bheidh in dlr, i gcás na nithe seo agus nithe eile:




Cuireadh sainmhíniú na hEagraíochta Domhanda Sláinte in iúl do na rannpháirtithe:

*'timpeallachtaí ina ndéantar rochtain ar roghanna, seirbhísí agus deiseanna do dhaoine agus iad ag* **dul in aois a chur chun cinn** *agus ina spreagtar cuimsiú agus rannpháirtíocht daoine breacaosta i ngach gné den saol.*

Ar a bharr sin, rinneadh tagairt do shainmhíniú na hEagraíochta Domhanda Sláinte ar an bpobal aoisbhháúil, ar pobal é

*'ina ndéantar na beartais, seirbhísí agus struchtúir a bhaineann leis an timpeallacht fhisiciúil agus timpeallacht shóisialta a dhearadh le go mbeidh* **seanóirí in ann dul in aois ar bhealach gníomhach**, *áit a mbíonn pobail ag feidhmiú ar bhealach le go mbeidh seanóirí in ann an saol a chaitheamh go sábháilte, iad folláin agus páirteach.*

# An próiseas comhairliúcháin a bhí againn



Bhí comhairliúchán poiblí mór againn mar ullmhúchán dár Straitéis Aoisbhá agus, mar chuid de sin, bhí ceardlanna poiblí agus grúpaí fócais. Ansin, bhogamar gach rud ar líne agus srianta mar gheall ar Covid-19 ann.

**Grúpaí Fócais agus Ceardlanna ar an láthair:**

- Halla an Pharóiste, Teach Naithí, Dún Droma; Cumainn Ghníomhaíochta Lucht Scoir i nDún Laoghaire agus daoine a d'fhreastail ar an Móraonach Aoisbhá

**Grúpaí Fócais agus Ceardlanna ar líne:**

- Baill foirne CCDLRD, Eagraíochtaí agus grúpaí tacaíochta Aoisbhá
- Baill Chomhaontas Aoisbhá dlr
- An Coiste um Beartas Straitéiseach Pobail, Cultúir agus Folláine

**Cruinnithe duine le duine le heagraíochtaí agus grúpaí Aoisbhá**

**Suirbhé Poiblí, 621 freagra, Samhain 2020 – Feabhra 2021 - Cruachóip agus suirbhé ar líne**

Cumarsáid leis an bpobal maidir leis an suirbhé:

- Cruachóipeanna den suirbhé curtha ag oibrithe deonacha chuig daoine breacaosta sa phobal agus chuig gach teach altranais ar fud an chontae
- Curtha chun cinn in Iris Aoisbhá dlr (12,000 cóip scaipthe ar fud an chontae)
- Fógraíocht sna nuachtáin áitiúla
- Curtha chun cinn ag Líonra Rannpháirtíochta Poiblí dlr chuig an 530+ grúpa atá sa líonra - nuachtlitreacha agus ríomhphoist
- Scaipthe ar Chomhaltaí Tofa
- Suíomh gréasáin CCDLRD - scéal nuachta agus preaseisiúint
- An foilseachán dlr Times
- Cainéil Meán Sóisialta CCDLRD
- Curtha isteach i Nuachtlitir Leabharlanna dlr, 6,500+ síntiúsóir

## Cé na rudaí a phléamar leis na heagraíochtaí agus grúpaí aoisbhá?

Agus gníomhartha sonraithe bunaithe ar na 9 dtéama de chuid na Náisiún Aontaithe, rinneadh plé ar **na prionsabail taobh thiar den Dearadh Uilíoch**, agus an dóigh a n-imreoidís tionchar ar Straitéis Aoisbhá amach anseo.

*Is éard atá i gceist leis an dearadh uilíoch ná táirgí, timpeallachtaí, cláir agus seirbhísí a dhearadh le go mbeidh gach duine in ann iad a úsáid, a mhéid is féidir, gan aon ghá ann le hoiriúnú ná le dearadh speisialaithe.*

Tugadh faoi na ceiseanna seo a leanas fosta:

- Cá mhéad plean agus gníomh ar leith atáimid in ann a bhainistiú go héifeachtach le chéile?
- An mbeadh cur chuige bunaithe ar an Dearadh Uilíoch ina chuidiú againn bealach níos comhtháite chun tosaigh a leagan amach?
- Cé na bealaí a bhféadfaimis straitéisí agus gníomhartha a nascadh / a mheascadh /a shimpliú amach anseo?
- Cén dóigh is fearr leis an aird a theastaíonn a dhíriú ar na tosaíochtaí atá againn?

## Cé a mbímid ag plé leo?

Agus an próiseas comhairliúcháin ar bun, bhí cruinnithe againn le grúpaí, eagraíochtaí agus daoine éagsúla:



# Céard a dúirt siad?

## Aiseolas ón gcomhairliúchán don Straitéis Aoisbhá

Tá cosáin mhaithe shábháilte uainn a gcoinneofar bail mhaith orthu, saor ó charranna páirceáilte, áiseanna soghluaisteachta orthu chomh maith le bealaí siúil níos fearr.

Caithfimid feabhas a chur ar an rochtain ar iompar poiblí ardchaighdeáin ar fud an chontae.

Áit chónaithe ar dóigh atá ann. Is breá liom gach uile rud faoin áit.

Ról a bheith againn. Spreagtha rudaí a dhéanamh.

Deiseanna níos fearr le haghaidh gníomhaíochtaí sóisialta, seirbhísí teagmhála i gcomhair daoine breacaosta atá uaigneach / scoite, gníomhaíochtaí coirp saor in aisce mar ranganna aclaíochta, clubanna siúil, etc.

Ba dheas an rud é dá mbeadh dearcadh níos dearfaí ann i leith daoine breacaosta.

Dul i gcomhairle le muintir an Chontae lena dtuairimí a fháil agus éisteacht níos mó le daoine.

Teacht níos fearr ar thacaíocht agus comhairle; níos mó cóiríochta a sholáthar a bheadh inacmhainne, inrochtana agus fóirsteanach.

Seirbhís abhcóideachta dóibh siúd nach bhfuil garghaolta acu.

Eolas ar sheirbhísí agus gníomhaíochtaí a chur ar fáil, idir sheirbhísí íoctha agus seirbhísí saor in aisce, nó fiú daoine a chur ar an eolas faoin áit a bhfuil an t-eolas.

Teacht ar shláinte phoiblí agus cúram sláinte fóirsteanach in amscála réasúnta an t-ábhar is mó is cúram do sheanóirí.

Tábhacht na slándála agus na póilíneachta - ní hamháin i gcás na coireachta, go háirithe i gcás iompar frithshóisialta agus iompar bagrach.

Ba cheart gach spás agus foirgneamh poiblí a uasghrádú go mbeidh teacht ag gach duine orthu. Rachaidh sé sin chun tairbhe do gach duine, is siúd faoi mhíchumas céadfach, idir óg agus aosta.

Siar go Clár na nÁbhar

Tuilleadh imeachtaí sóisialta / gníomhaíochtaí fóillíochta / ranganna a eagrú a rachadh chun tairbhe do dhaoine breacaosta.

Caithfimid an raidhse eolais agus taithí atá ag na saoránaigh atá breacaosta atá againn nach mbaintear leas aisti. Tá neart le foghlaim (nó le foghlaim arís) as sochaí na hÉireann ó chultúir agus sochaithe eile faoin dóigh le meas a léiriú ar na saoránaigh seo againne atá breacaosta agus tairbhe a bhaint as an taithí sin!

An easpa teagmhála duine le duine le daoine a chuireann seirbhísí ar fáil, gnólachtaí áitiúla, etc. agus an laghdú ar na seirbhísí a chuireann bainc ar fáil

Teacht ar an teicneolaíocht atá ag athrú agus cuidiú léi.

Tá beagnach gach rud atá de dhíth ar an duine breacaosta le fáil i bpáirceanna, páirceanna ar nós Pháirc Mharlaí a bhfuil siopaí caife iontu, .i., áit shábháilte le haclaíocht a dhéanamh agus bualadh le cairde ...nach mór gach rud a theastaíonn ó dhuine breacaosta don fholláine coirp agus mothúchán.

Is mór an tairbhe atá le baint as aláraim tionóisce pearsanta a chuidíonn liom go mbím ag mothú níos sábháilte.

Grúpaí tacaíochta don fholláine coirp agus meabhairshláinte. Seirbhísí teagmhála do dhaoine breacaosta atá uaigneach / scoite.

Níl go leor eolais ann faoi na seirbhísí atá ar fáil chun tacú le daoine sa cheantar, seirbhísí cúraim lae, cúntóir baile, etc., go háirithe má bhíonn drochshláinte ort, na daoine is cóir teagmháil a dhéanamh leo nó le fáil amach an mbeinn i dteideal aon chúnaimh agus tacaíochta, tar éis dul faoi scian, mar shampla?

Roghanna taistil níos sábháilte, go háirithe le haghaidh coisithe agus rothaithe

Barraíocht béime ar ‘rudaí do sheandaoine’. Tá imeascadh níos fearr de dhíth chomh maith le meas ar dhaoine de gach aois ag maireachtáil agus ag obair le chéile.

Tacaíocht le go mbeidh daoine in ann fanacht ina dteach féin. Easpa cóiríochta den mhéid cheart agus easpa scáthchóiríochta agus comhchóiríochta. Easpa tithe altranais poiblí.

Cóiríocht oir do chun tacú le daoine breacaosta fanacht ina gcomharsanacht féin más mian leo dul chuig áit níos lú.


Nílimid ag iarraidh a bheith fágtha ar lár


Le go dtabharfaí aire dom i mo theach féin.



## Na nithe ba thábhachtaí

Fuarthas amach sna torthaí ónár suirbhé ar líne agus suirbhé cruachóipe go gcreideann tromlach na rannpháirtithe sa suirbhé go bhfuil an Tacaíocht Sláinte agus Shóisialta, Iompar agus Soghluaisteacht, Ionaid Phoiblí Amuigh faoin Aer agus Tithíocht ar na príomhcheisteanna atá ag imirt tionchar ar shaol daoine breacaosta in dlr. Féach na príomhthorthaí thíos agus tá torthaí iomláine an tsuirbhé ar fáil in Aguisín 1.





## Ár Misean

Áit lán beochta a bheidh in dlr, áit a mbeidh daoine faoi bhláth agus a mbainfidh siad barr a gcumais amach ina bpobal agus comharsanacht féin i gcaitheamh a saoil.

## Ár bhFís


Beimid ag obair i gcomhar le gach duine lena chinntiú go mbeidh daoine, agus muid ag dul anonn in aois, in ann plé le saol geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha a pobail, nasc a chruthú leis an saol sin agus páirt a ghlacadh ann, agus an méid sin go léir i gcultúr a bheidh báúil ó thaobh aoise de, fáilteach, ionchuimsitheach agus fáil air ag cách.

## Ár Luachanna

- Comhoibriú
- An Nuáil
- Meas
- Ionchuimsiú
- Comhbhá

# Plean Forfheidhmithe Aoisbhá **dlr**

Bunaithe ar na 9 dtéama i gclár na hEagraíochta Domhanda Sláinte um Chathracha Aoisbháúla, ghlac dlr le plean forfheidhmithe ina ndéantar na téamaí sin a dhíriú in 4 cinn de phríomhchatagóirí, atá mar Thosaíochtaí Straitéiseacha againne anois: ***An Timpeallacht Fhisiceach, Seirbhísí Comhroinnte, An Timpeallacht Shóisialta*** agus an chatagóir lárnach ina bhfeictear gach gné de spiorad an phlean, ***Obair le Chéile.***



# Tosaíochtaí agus Cuspóirí Straitéiseacha

## An Timpeallacht Fhisiceach

(Amuigh faoin aer, iompar agus soghluaisteacht, tithíocht)

### TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 1

dlr a láidriú mar áit bhríomhar, áit a mbeidh caighdeán ard beatha ag daoine ar feadh an tsaoil.

**Cuspóirí**

1.1 Ríocht phoiblí a fhorbairt, a chothabháil agus a chur chun cinn ina mbeidh tacaíocht ar fáil agus ina mbeifear in ann leas a bhaint as idirghníomhú sóisialta agus slite sláintiúla maireachtála.

1.2 Tionchar a imirt le go gcuirfear iompar agus bonneagar sábháilte inrochtana ar fáil le go mbeidh daoine breacaosta in ann plé go gníomhach ina bpobal féin.

1.3 Contanam cuí de roghanna agus fuascailtí saoil inoiriúnaithe a chur ar fáil, go díreach agus i gcomhar le dreamanna eile, a chuirfidh ar a gcumas do dhaoine breacaosta an saol a chaitheamh go neamhspleách sábháilte fad agus is féidir.

## An Timpeallacht Shóisialta

(Rannpháirtíocht shóisialta, ionchuimsiú sóisialta, neamh-idirdhealú, comhpháirteachas poiblí agus fostaíocht)

### TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 2

An comhtháthú a chothú chun an tarraingt, rannpháirtíocht agus muintearas a dhaingniú sna pobail, comharsanachtaí agus áiteanna in dlr.

**Cuspóirí**

2.1 Meascán de chlár shóisialta agus tionscnaimh choisctheacha chúraim a neadú chun neamhspleáchas níos mó a chothú agus folláine a fheabhsú i measc daoine breacaosta atá ag cur fúthu in dlr.

2.2 Cinnte a dhéanamh de go gcuirfear deiseanna forbartha scileanna litearthachta agus digiteacha ar fáil ar bhonn cothrom do dhaoine atá breacaosta, go háirithe iad siúd atá i mbaol ón eisiamh.

2.3 Sochaí ionchuimsitheach a chur chun cinn, áit arb iad an neamh-idirdhealú agus an meas ar an éagsúlacht na bunluachanna, le go mbeidh cothromaíocht deiseanna ag daoine breacaosta cur le cúrsaí, plé le daoine agus páirt a ghlacadh.

2.4 Cinnte a dhéanamh de go ndéanfar riachtanais daoine breacaosta ó thaobh póilíneachta, slándála agus sábháilteachta de a shásamh le go mbeidh siad in ann a bheith gníomhach i gcónaí ina gceantar áitiúil.

## Seirbhísí Comhroinnte

(Seirbhísí pobail agus sláinte, cumarsáid agus eolas)

### TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 3

Cinnte a dhéanamh de go mbeidh dea-shláinte agus dea-fholláine ag daoine breacaosta ós rud é go mbeidh teacht acu ar sheirbhísí ardchaighdeáin sláinte agus pobail.

#### Cuspóirí

3.1 Réimse cuimsitheach comhtháite seirbhísí sláinte pobail atá inacmhainne, inrochtana agus ardchaighdeáin a chur ar fáil do dhaoine breacaosta agus daoine leochaileacha ina gceantar féin.

3.2 Cineálacha nuálacha tacaíochta agus fuascailtí a thairiscint leis an maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn.

## Obair le Chéile

(Rialachas an Chomhaontais Aoisbhá, cumarsáid a dhéanamh agus eolas a thabhairt i dteannta a chéile)

### TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 4


Cur leis an gcumas atá againn obair a dhéanamh i gcomhar a chéile chun dálaí agus timpeallacht ionchuimsitheach inbhuanaithe a chothú agus iad ag dul anonn in aois in dlr.

#### Cuspóirí

4.1 Ó na nithe dearfacha a fuaireamar amach in aimsir Covid-19, cumas oibriúcháin agus socruithe rialachais Chomhaontas Aoisbhá dlr a fheabhsú chun bealaí comhoibríocha oibre a chothú.

4.2 Leanúint leis an obair i gcomhar a chéile chun beartais níos fearr do dhaoine breacaosta in dlr, sa réigiún agus go náisiúnta a chosaint agus a mholadh.

4.3 Obair a dhéanamh le cumarsáid agus teachtaireachtaí a bheachtú agus a chur chun cinn le héifeachtacht Chomhaontas Aoisbhá dlr a fheabhsú.



**An Timpeallacht Fhisiceach**

## Tosaíocht Straitéiseach 1

dlr a láidriú mar áit bhríomhar, áit a mbeidh caighdeán ard beatha ag daoine ar feadh an tsaoil

# Cuspóir 1.1

Ríocht phoiblí a fhorbairt, a chothabháil agus a chur chun cinn ina mbeidh tacaíocht ar fáil agus ina mbeifear in ann leas a bhaint as idirghníomhú sóisialta agus slite sláintiúla maireachtála.

**1.1.1** Deimhin a dhéanamh de go mbeidh na **prionsabail taobh thiar den dearadh uilíoch** mar bhonn faoi chuspóirí Phlean Forbartha an Chontae agus chuspóirí corparáideacha CCDLRD chun dul chun tairbhe don phobal fad na tréimhse lena mbaineann.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Seirbhísí Pleanála CCDLRD | Pobal, Ailtirí, Tithíocht, Seirbhísí Bardais, Bonneagar agus Athrú Aeráide CCDLRD | Ar bun faoi láthair | CCDLRD |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Cuspóirí beartais Aoisbhá i bPlean Forbartha 2022-2028 an Chontae, i bPleananna na gCeantar Áitiúil agus i gcáipéisí beartais eile.
- Rochtain uilíoch in iarratais phleanála agus Cuid 8, cóiríocht aoisbhá san áireamh.



## 1.1.2 Deimhin a dhéanamh de go gcloíonn **páirceanna agus ionaid phoiblí** leis na bunphrionsabail den dearadh uilíoch.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha CCDLRD | Foireann Feidhmiúcháin Bainistíochta, Ailtirí, Seirbhísí Bardais, Taisteal agus Iompar, Bonneagar agus Athrú Aeráide, agus an Grúpa Comhairliúcháin um Míchumas in CCDLRD | Ar bun faoi láthair | Faoi réir moltaí maoinithe tionscadail i gcás an údaráis áitiúil agus maoiniú náisiúnta a bheith i bhfeidhm |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Comharthaí, troscán, áiseanna, áiseanna folctha, deiseanna fóillíochta agus folláine, gairdíní céadfacha agus pobail a bheidh aoisbháúil agus inrochtana arna gcur ar fáil in áiteanna poiblí.
- Teacht níos fearr ar áiseanna agus saoráidí Turasóireachta agus Oidhreachta.
- Bainistíocht Eastáit, Staidéir Insiúltachta curtha i gcrích agus na moltaí curtha i ngníomh.

## 1.1.3 Deimhin a dhéanamh de go bhfuil gach craobh, ionad, bailiúchán leabhar agus acmhainn leictreonach leabharlainne, inmheánach agus seachtrach, **inrochtana ag cách**.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha CCDLRD - Leabharlanna | | Ar bun faoi láthair | Faoi réir moltaí maoinithe tionscadail i gcás an údaráis áitiúil agus maoiniú náisiúnta a bheith i bhfeidhm |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Méadú ar úsáid seirbhísí leabharlainne.
- Mo Leabharlann Oscailte agus seirbhísí teagmhála i bhfeidhm.
- Teacht ar leithreas poiblí i ngach craobh.
- Ábhar cothrom le dáta, agus éagsúlacht ann, formáidí traidisiúnta priontála san áireamh chomh maith le réimse dea-shaothraithe seirbhísí leictreonacha.

1.1.4

**Ionaid Phobail Aoisbháúla a fhorbairt** in Áiseanna Pobail tosaíochta ar fud an chontae i gcomhar le hAoisbhá Éireann.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha CCDLRD - Pobal | Úsáideoirí breacaosta Áiseanna Pobail, Líonra Áiseanna Pobail, Aoisbhá Éireann agus Príomhthionóntaí Áiseanna Pobail | 2022-2026 | CCDLRD |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Creidiúnú Aoisbhá faighte ag 10 gcinn d'áiseanna pobail.
- Teacht níos fearr ar sholáthar seirbhíse in áiseanna pobail agus oiliúint Aoisbhá Éireann ar fáil.

1.1.5

Plé a choinneáil ar bun le comhlachtaí forordaithe reachtúla chun eolas a fháil amach maidir le **hiniúchtaí insiúltachta** agus Tionscadail Chaipitil ábhartha á ndearadh.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Pleanáil Chun Cinn agus Bonneagar CCDLRD | An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann | Tionscadal ar thionscadal | CCDLRD |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Plé foirmiúil tionscadal ar thionscadal.

# Cuspóir 1.2

Tionchar a imirt le go gcuirfear iompar agus bonneagar sábháilte inrochtana ar fáil le go mbeidh daoine breacaosta in ann plé go gníomhach ina bpobal féin.

1.2.1 **Roghanna áitiúla agus tuaithe iompair agus soghluaisteachta** ar feadh an tsaoil a fhiosrú sna háiteanna is práinní, in oirthear agus iarthar an chontae.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Rannóg Taistil agus Iompair CCDLRD, Comhaontas Aoisbhá dlr trí bhíthin foghrúpa | Baill Chomhaontas Aoisbhá dlr | 2022-2026 | Faoi réir moltaí maoinithe tionscadail i gcás an údaráis áitiúil agus maoiniú náisiúnta a bheith i bhfeidhm |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Foghrúpa iompair Chomhaontas Aoisbhá dlr i bhfeidhm.
- Gníomh mapála le roghanna iompair agus soghluaisteachta a bheadh ar fáil curtha i gcrích.
- Treoirthionscadail agus tionscnaimh in 6 cinn de Thoghcheantair.
- Teacht níos fearr ar áiseanna agus seirbhísí pobail, sóisialta, cultúrtha, áineasa agus sláinte.
- Seirbhís bus Local Link fiosraithe.

1.2.2 Deimhin a dhéanamh de go mbeidh **seirbhísí Bhus Átha Cliath ar fad ag freastal ar riachtanais agus éilimh daoine breacaosta**.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Bus Bhaile Átha Cliath | | Ar bun faoi láthair | Bus Bhaile Átha Cliath |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Riachtanais úsáideoirí seirbhíse breacaosta agus leochaileacha á sásamh ag tiománaithe oilte Bhus Átha Cliath.
- Tuilleadh soláthraithe iompair ina mbaill de Chomhaontas Aoisbhá dlr.

## 1.2.3 **Teacht níos fearr ar stadanna bus** sa Chontae.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Sábháilteacht Tráchta agus Bóithre CCDLRD | NTA | Bliantúil | CCDLRD agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Feabhsuithe éagsúla déanta ar stadanna bus.

## 1.2.4 **Áiseanna do choisithe a fheabhsú** sa Chontae don réimse is leithne úsáideoirí.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Cothabháil Bóithre, Trácht agus Sábháilteacht Bóithre in CCDLRD | Bonneagar agus an tAthrú Aeráide in CCDLRD | 2022-2026 | CCDLRD |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- An líon trasrianta coisithe a mbeidh feabhas orthu.
- Uasghrádú ar fhad na gcosán.

## 1.2.5 An gréasán raonta rothar a fheabhsú.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Cothabháil Bóithre, Trácht agus Sábháilteacht Bóithre in CCDLRD | Bonneagar agus an tAthrú Aeráide in CCDLRD | 2022-2026 | CCDLRD agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Feabhas curtha ar fhad na raonta rothar agus iad inrochtana ag gach cumas rochtana.
- An líon scéimeanna rothaíochta agus forbairt éagsúil déanta orthu.

## 1.2.6 Tacú leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil i Mol Rothar dlr, agus forbairt a dhéanamh orthu, ar fiontar sóisialta é, chun **roghanna soghluaisteachta rothaíochta a chur ar fáil do dhaoine ar gach aois**.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Comhpháirtíocht Spóirt dlr, Aonad CCDLRD don Taisteal Gníomhach | Bonneagar agus Athrú Aeráide CCDLRD, Cycling Without Age, an Mol Rothar | 2022-2026 | Forbairt a dhéanamh ar mholtaí maoinithe le haghaidh tionscadail ábhartha don mhaoiniú údaráis áitiúil agus náisiúnta trí Spórt Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, etc. |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Soghluaisteacht, inrochtaine agus soláthar seirbhíse aoisbháúil níos fearr ann.
- Figiúirí áirithinte agus úsáide á ngabháil tríd an gcóras áirithinte ar líne reatha.

## FAOI CHAIBIDIL




### An Mol Rothar

Fiontar sóisialta atá sa Mhol Rothar, siopa rothar pobail é i nDún Laoghaire i gcomhar le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Cycling Without Age agus Comhpháirtíocht Spóirt dlr.

An aidhm atá ann ná go mbeidh teacht ag an oiread daoine is féidir ar an rothaíocht, sa phobal áitiúil, agus tacaíocht ann ó Ghrúpa Comhairleach dlr um Míchumas agus, leis sin a dhéanamh, cuirfear flít de rothar inrochtana ar fáil do dhaoine nach féidir an gnáthrothar a úsáid. Chomh maith leis sin, tá deisiúcháin rothair ar fáil sa Mhol Rothar, deiseanna le bheith ag obair go deonach chun triail a bhaint as feithiclí trí rothar Cycling Without Age, cúrsaí oiliúna cothabhála rothair agus meascán de thionscadail a bhaineann leis an rothaíocht do gach aois agus cumas.

**1.2.7** Leanúint ar aghaidh leis an obair i gcomhar leis an nGarda Síochána maidir le **dearadh, sábháilteacht agus slándáil** ar thionscadail ábhartha i gCrios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Pleanáil Chun Cinn agus Bonneagar CCDLRD | Oifigeach Coiscthe Coireachta an Gharda Síochána | Tionscadal ar thionscadal | CCDLRD |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- An líon tionscadal á measúnú i dtaca le gnéithe sábháilteachta agus slándála den dearadh.

**1.2.8** Dul i mbun plé le Comhaontas Aoisbhá dlr maidir le **spásanna páirceála aoisbhháúla** sa Staidéar um Páirceáil Chliste atá le teacht.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Pleanáil Chun Cinn agus Bonneagar CCDLRD | Comhaontas Aoisbhá Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) | 2022 | CCDLRD |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Plé inmheánach curtha i gcrích agus an staidéar á ullmhú.

# Cuspóir 1.3

Contanam cuí de roghanna agus fuascailtí saoil inoiriúnaithe a chur ar fáil, go díreach agus i gcomhar le dreamanna eile, a chuirfidh ar a gcumas do dhaoine breacaosta an saol a chaitheamh go neamhspleách fad agus is féidir.

1.3.1 Soláthar **na cóiríochta do dhaoine breacaosta** a mhéadú trí chlár féintógála CCDLRD, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus Cuid V.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Tithíocht CCDLRD | An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta RTRÁO), Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, Forbróirí, Ailtirí CCDLRD | Ar bun faoi láthair | RTRÁO |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Rogha níos fearr tithíochta ag daoine breacaosta.
- Déanfar soláthar Tithe Saoil Inoiriúnaithe a mheas sa treoir dhearaidh i gcás tionscadail féintógála in CCDLRD
- Méadar ar an soláthar de chóiríocht Aoisbháúil i gclár féintógála CCDLRD.



Cóiríocht do dhaoine breacaosta, Cúirt an Átha Leathain, Baile an tSaoir

## FAOI CHAIBIDIL



Teach Bhaile an Róistigh, Tithíocht Aoisbháúil

Tá CCDLRD i ndiaidh Teach Bhaile an Róistigh ar an Naigín a athchóiriú agus a chur in oiriúint chun freastal ar a phobal breacaosta seanbhunaithe. Ar an iomlán, táthar tar éis 52 mionárasán agus árasán aon seomra leapa amháin a athchóiriú agus a uasghrádú chun 60 árasán aon seomra leapa amháin agus dhá sheomra leapa a chur ar fáil agus cistineacha, seomraí ceatha agus cúrsaíocht oiriúnaithe iontu. Cuireadh áiseanna nua san áireamh cuir i gcás spás oifige, stáisiún na n-altraí agus áiseanna comhchoitinne neachtlainne mar aon le seomra bia agus cistin chomhchoiteann, agus spás comhchoiteann cuideachta a bhfuil teacht ag cónaitheoirí sa choimpléasc air agus ag grúpaí sóisialta sa phobal go ginearálta.

Tógadh gach aonad bunaithe ar an Dearadh Uilíoch agus tá a dhoras féin ar gach ceann acu. Táthar tar éis creatlach agus feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh a fheabhsú mar thoradh ar chúrsaíocht an fhoirgnimh agus áiseanna pobail a dhearadh go cúramach; agus bhíothas cúramach tírdhreachú, bealaí siúil agus suíocháin aoisbháúla a chur isteach don idirghníomhú sóisialta chun cur leis an mbraistint phobail.

Tá gradaim bronnta ar Theach Bhaile an Róistigh ó cuireadh i gcrích é, sa chatagóir Inbhuanaitheacht in 2017 agus sa chatagóir Foirgneamh do chách in 2020 i nGradaim Ailtireachta na hÉireann Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann.

1.3.2 Úsáid **na ngnéithe sa Dearadh Uilíoch i dtithe nua** a chur chun cinn ag brath ar choinníollacha an láithreáin.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Tithíocht CCDLRD | Ailtirí CCDLRD | Ar bun faoi láthair | RTRÁO |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- I gcás scéimeanna de 10 n-aonad nó níos mó ná sin á dtógáil ag CCDLRD, na gnéithe den dearadh uilíoch le bheith mar chuid den treoir dhearaidh i gcás 5% de na tithe beartaithe nua ar a laghad, faoi réir coinníollacha láithreáin agus maoiniú a bheith ar fáil.

1.3.3 **Tacaíocht Deontais agus Tacaíocht Oiriúnaithe Tí ó CCDLRD** a chur ar fáil go leanúnach do dhaoine breacaosta atá ina gcónaí i tithe ar cíos ón gComhairle agus i dtithe ar cíos go príobháideach.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Tithíocht CCDLRD | Ailtirí CCDLRD | Ar bun faoi láthair | RTRÁO |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Iarratais ar Dheontais Oiriúnaithe Tí á bpróiseáil go pras i gcomhréir le Scéim na nDeontas um Oiriúnú Tithe.
- Na hathruithe agus athchóirithe a theastaíonn ar Thithe ar cíos ón gComhairle do dhaoine breacaosta a bheith déanta.
- Eolas níos fearr ag daoine ar Thacaíocht Deontais le haghaidh Oiriúnú Tithe atá ar fáil ó CCDLRD do dhaoine breacaosta.

1.3.4

**Measúnú a dhéanamh agus atreorú a dhéanamh** más gá chun tacú le daoine breacaosta a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht na Comhairle an saol a chaitheamh go neamhspleách chomh fada agus is féidir ina dtithe féin.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Tithíocht CCDLRD | Rannóg Oifigigh Leasa Tithíochta agus Pobail CCDLRD | Ar bun faoi láthair | CCDLRD, RTRÁO |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Méadú ar an líon tionóntaí breacaosta ina gcónaí níos faide go sábháilte ina dtithe féin.
- Caighdeán na beatha níos fearr acu siúd a fhanfaidh ina dtithe mar atá.

1.3.5

An **rogha teach den mhéid cheart a fháil** a chur chun cinn le haghaidh daoine breacaosta.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Tithíocht CCDLRD | | Ar bun faoi láthair | RTRÁO |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Rogha tithíochta níos fearr, tithe den mhéid cheart, laghdú ar chostais as cothabháil agus fuinneamh.

## 1.3.6 Cóiríocht go speisialta do dhaoine breacaosta a chur san áireamh sna pleananna i dtaobh **suirbhé a dhéanamh ar an soláthar tithíochta**

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Tithíocht CCDLRD | | 2022-2024 | CCDLRD |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Taifead á choinneáil den líon tithe a bhfuil suirbhé déanta orthu go míosúil.

## 1.3.7 Cóiríocht na Comhairle, sainithe le haghaidh daoine breacaosta, a chur san áireamh i gcláir bhliantúla CCDLRD um **Iarfheistiú don Éifeachtúlacht Fuinnimh**.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Tithíocht CCDLRD | RTRÁO | Spriocanna bliantúla leagtha síos | RTRÁO |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Caithfidh an RFF a bheith B2 ar a laghad agus na hoibreacha curtha i gcrích.

An Timpeallacht Shóisialta

## Tosaíocht Straitéiseach 2

An comhtháthú a chothú chun an tarraingt, rannpháirtíocht agus muintearas a dhaingniú sna pobail, comharsanachtaí agus áiteanna in dlr.

# Cuspóir 2.1

Meascán de chlár shóisialta agus tionscnaimh choisctheacha chúraim a neadú chun neamhspleáchas níos mó a chothú agus folláine a fheabhsú i measc daoine breacaosta atá ag cur fúthu in dlr.

2.1.1

Éascaíocht a dhéanamh ar **thacaíocht déanta cairdis agus folláine** le go mbeidh daoine breacaosta in dlr in ann a bheith **folláin aguscaidreamh sóisialta acu**.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| FSS, ALONE, Making Connections / Naisc a Chruthú | Oibrithe deonacha, ionaid chultúrtha, shóisialta agus spóirt. | 2022-2026 | FSS agus maoiniú eile |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- An líon idirghníomhaithe sóisialta (glaonna gutháin agus cuairteanna sa bhaile).
- Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí agus imeachtaí sóisialta agus pobail á héascú.
- An clár dlr Sláintiúil curtha i bhfeidhm.

**FAOI CHAIBIDIL**



**Making Connections**

Is é is Making Connections / Naisc a Chruthú ann eagraíocht atá treoraithe ag oibrithe deonacha. Cuireann an eagraíocht Tacaíocht Déanta Cairdis agus Folláine ar fáil do dhaoine atá os cionn 65 bliana d'aois. Is é is cuspóir don eagraíocht tacaíocht a chur ar fáil le go mbeidh daoine ina ann a bheith folláin agus comhpháirteach go sóisialta chun uaigneas agus leithlisiú a mhaolú agus é sin a dhéanamh i gcomhar le FSS, leis an rialtas áitiúil agus le heagraíochtaí tacaíochta aoisbhá.

## 2.1.2

Tabhairt faoi thionscnaimh phobail chun **cuidiú le daoine breacaosta teacht ar sheirbhísí an Gharda Síochána.**

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| An Garda Síochána | Cumann Daoine Breacaosta an Gharda Síochána | 2022-2026 | An Garda Síochána |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- ✓ Seirbhís Shoghluaiste Tacaíochta an Gharda Síochána a bheith ar fáil.
- ✓ Binse comhrá i nDún Laoghaire
- ✓ Tar éis na paindéime, imeachtaí a eagrú chun dul i dteagmháil arís le daoine breacaosta.



Seirbhísí Aoisbhá an Gharda Pobail ar an gCarraig Dhubh

## 2.1.3 **Oideasú Sóisialta** a fhorbairt mar ghnáthrud agus a chur chun cinn taobh le **cláir phobalbhunaithe eile** ar fud dlr.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath dlr | Bord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL).<br><br>Eagraíochtaí agus grúpaí a chuireann cláir, gníomhaíochtaí sóisialta agus seirbhísí pobalbhunaithe ar fáil in dlr. | 2022-2026 | Éire na Sláinte / An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail / Pobail Fholláine agus Maoiniú FSS |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Méadú ar an líon daoine breacaosta páirteach ann.
- Méadú ar an líon clár agus ar an líon tionscadal á gcur ar fáil.
- An líon eagraíochtaí agus grúpaí páirteacha ag cur gníomhaíochtaí don oideasú sóisialta ar fáil.




Oideasú Sóisialta dlr ar mhaithe leis an tsláinte agus folláine

**2.1.4** Cur leis an gclár **imeachtaí Aoisbháúla sóisialta agus cultúrtha** ar fud an chontae chun tacú leis an rannpháirtíocht shóisialta agus an filleadh ar an idirghníomhú pobail i ndiaidh na paindéime.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha CCDLRD | Comhaontas Aoisbhá dlr, Comhairle Daoine Breacaosta dlr, Comhpháirtíocht Spóirt dlr, Líonra Áiseanna Pobail, Líonra Rannpháirtíochta Poiblí dlr, Aostacht agus Deiseanna, Tithe Altranais agus áiteanna a chuireann Cúram Cónaithe ar fáil, Seirbhísí Cúraim Lae, Caifé do Dhaoine a bhfuil Néaltrú orthu, Amharclann an Mhuilinn, Amharclann an Phailliúin, Cuideachta Oidhreachta Dheilginse agus Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire | Ar bun faoi láthair | Éire Ildánach, FSS, Éire na Sláinte, Aostacht agus Deiseanna, an Chomhairle Ealaíon |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Réimse leathan clár agus cineálacha tacaíochta inrochtana sóisialta agus cultúrtha á chur ar fáil do dhaoine breacaosta ar an láthair agus ar líne.
- Seirbhísí, áiseanna agus féilte freagrúla pleanáilte agus imeachtaí ar líne, ar an láthair agus amuigh faoin aer, iad go léir inrochtana, trí líonra na leabharlann, Mo Leabharlann Oscailte agus seirbhísí teagmhála.
- Staitisticí a léireoidh méadú ar an bhfreastal ar fhéilte agus imeachtaí i láthair go pearsanta agus ar líne (mar shampla, Bealtaine, Féile na hIonchuimsitheachta, etc).
- Líon na gclár comhoibríoch trasghearrthach i dTithe Altranais agus ionaid don Chúram Cónaithe agus Seirbhísí Cúraim Lae.
- Líon na gcineálacha tacaíochta atá ionchuimsitheach agus cruthaitheach, ar líne agus i láthair go pearsanta.
- Áitreabh agus fearann Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire a chur ar fáil faoi choinne gníomhaíochtaí aoisbháúla acadúla, sóisialta, cultúrtha agus fóillíochta.


Grúpa Ucailéilí Ráth Fearnáin i bPáirc Mharlaí


Ióga cois farraige dlr

2.1.5 **Gníomhaíochtaí coirp agus folláine** inrochtana aoisbháúla do chách a chur ar fáil ar bhonn leanúnach.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Fóillíocht CCDLRD, Comhpháirtíocht Spóirt dlr, Comhpháirtíocht Dheisceart BÁC dlr, Aostacht agus Deiseanna | Contae na Sláinte CCDLRD, Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúir CCDLRD, Éire na Sláinte, Líonra Rannpháirtíochta Poiblí dlr, soláthraithe Damhsa, grúpaí aoisbháúla agus ionchuimsithe shóisialta in dlr. | 2022-2026 | Maoiniú ó Spórt Éireann, Ciste na gCuntas Díomhaoin, Éire na Sláinte agus Cathracha Gníomhacha |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Méadú ar na deiseanna inrochtana aoisbháúla do ghníomhaíochtaí aclaíochta agus folláine á soláthar ar fud dlr chun tacú leis an dea-shláinte, idirghníomhú sóisialta agus folláine níos fearr.
- Tacaíocht leanúnach do scéimeanna damhsa faoi choinne daoine breacaosta in dlr.

# Cuspóir 2.2

Cinnte a dhéanamh de go gcuirfear deiseanna forbartha scileanna litearthachta agus digiteacha ar fáil ar bhonn cothrom do dhaoine atá breacaosta, go háirithe iad siúd atá i mbaol ón eisiamh.

**2.2.1** Réimse leathan cúrsaí inrochtana ar feadh an tsaoil i láthair go pearsanta agus ar líne a sholáthar chun an fhoghlaim agus an fhorbairt scileanna ar feadh an tsaoil a spreagadh.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| BOOÁCDL | Leabharlanna agus Pobal CCDLRD, Comhpháirtíocht Dheisceart BÁC dlr, COBÁC, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Líonra Rannpháirtíochta Poiblí dlr, | 2022-2026 | BOOÁCDL, CCDLRD, an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail, Éire na Sláinte agus COBÁC |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Méadú ar an líon daoine breacaosta ag baint leas as cláir oiliúna oideachais pobail á soláthar ag BOOÁCDL.
- Méadú ar an líon daoine breacaosta páirteach iontu agus bealaí chun cinn sonraithe ann chomh maith.
- An líon tionscnaimh aoisbháúla / an líon cláir atá deartha ar bhonn uilíoch chun blaiseadh a fháil ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil á gcur ar fáil ag Foghlaim Oscailte COBÁC, mar shampla, Sparánachtaí don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, Dámhachtainí Sainchuspóra COBÁC (Leibhéal 6) arna gcur ar fáil do mhic léinn lánfhásta.
- Rannpháirtíocht níos éagsúla i mblasmhodúil COBÁC don Fhoghlaim Oscailte a chuirtear ar fáil sna hionaid for-rochtana.

## 2.2.2

Gléasanna digiteacha, oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil do gach duine breacaosta in dlr, de réir éilimh.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| ALONE | BOOÁCDL, Leabharlanna dlr, Foireann um Pobal agus Straitéis Dhigiteach CCDLRD, Making Connections / Naisc a Chruthú, Aoisghníomhaíocht Éireann, Glúin na Teicneolaíochta, Comhpháirtíocht Dheisceart BÁC dlr, Líonra Rannpháirtíochta Pobail dlr, Tithe Altranais, Ionaid don Chúram Cónaithe agus Ionaid Cúraim Lae | 2022-2026 | Maoiniú Nuála Seirbhíse Poiblí, maoiniú don Ionchuimsiú Digiteach náisiúnta |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Clár comhordaithe don Ionchuimsiú Digiteach á sholáthar.
- Hi Digital ALONE a leathadh amach i gcomhar le Vodafone agus Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir na hÉireann.
- Ceardlanna ALONE le haghaidh Curadh Digiteach a sholáthar.
- Eolas, gléasanna, oiliúint agus tacaíocht á gcur ar fáil ag Leabharlanna dlr maidir le teicneolaíocht eolais agus chumarsáide, Scéim Iasachta Táibléad ACORN agus Táibléid don chlár foghlama leabharlainne lena mbaineann.
- Cluichí Tovertafel / Táblaí Draíochta ar fáil i 3 leabharlann phoiblí.
- Fearais cinn bhreise don Réaltacht Fhíorúil agus ábhar d'úsáideoirí breacaosta a bhfuil deacrachtaí siúil acu.
- Seirbhísí inrochtana idirlín ar fáil i leabharlanna agus sa phobal agus ar mheascán gléasanna.

**FAOI CHAIBIDIL**



Táibléid Dhigiteacha Aoisbháúla ACORN in dlr

In 2020, thug Aoisbhá Éireann tacaíocht d'údaráis áitiúla ar fud na hÉireann le táibléid dhigiteacha aoisbháúla ACORN agus tacaíocht a sholáthar do thithe altranais cónaithe agus saoránaigh atá breacaosta sa chontae. Gléas faoi leith é táibléad ACORN a dearadh i gcomhar le saoránaigh atá breacaosta lena dheimhniú go bhfuil an táirge so-úsáidte agus go sásaíonn sé riachtanais na ndaoine siúd nach bhfuil ach scileanna teoranta digiteacha acu.

Scaipeadh na gléasanna ar Thithe Altranais chomh maith le hoiliúint agus tacaíocht chuí trí Chomhaontas Aoisbhá dlr. D'fhág an tionscnamh seo go raibh daoine breacaosta a bhí thíos leis mar gheall ar aonrú sóisialta de dheasca bhearta sláinte poiblí na dianghlasála in ann teagmháil a dhéanamh lena dteaghlach, cairde agus seirbhísí go sábháilte sa bhaile.

Chuir Leabharlanna dlr le scóip na ngléasanna in 2021. Is éard a rinne siad ná gléasanna ACORN a chur ar fáil ar iasacht ó chraobhacha leabharlainne ar fud dlr agus i ngach teach altranais ar fud dlr.

# Cuspóir 2.3

Sochaí ionchuimsitheach a chur chun cinn, áit arb iad an neamh-idirdhealú agus an meas ar an éagsúlacht na bunluachanna, le go mbeidh cothromaíocht deiseanna ag daoine breacaosta cur le cúrsaí, plé le daoine agus páirt a ghlacadh.

2.3.1 **Comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a chosaint** le haghaidh úsáideoirí seirbhíse agus fostaithe de chuid dlr i gcomhréir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Rannóg Gnóthaí Corparáideacha CCDLRD | Foireann CCDLRD, Rannóg Pobail CCDLRD, Coiste Forbartha Pobail Áitiúil dlr, Líonra Áiseanna Pobail dlr, Comhairle Daoine Breacaosta dlr, Scéim Fostaíochta Pobail dlr, Fóram dlr um Lánpháirtiú | 2022-2026. | CCDLRD |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Méadú ar an oiliúint a chuirtear ar fáil do bhail foirne dlr agus coistí agus grúpaí bainteacha.
- Feabhas ar sholáthar seirbhísí poiblí. Feasacht i measc baill foirne CCDLRD agus grúpaí cleamhnaithe maidir leis an ionchuimsiú sóisialta, neamh-idirdhealú, cosaint daoine breacaosta, feasacht idirdhealú, riachtanais atá ag daoine breacaosta sa phobal Taistealaithe, daoine faoi mhíchumas, imircigh, daoine atá LADTI+, mionlaigh chreidimh agus daoine imeallaithe breacaosta in dlr.
- Cláir spriocdhírithe ionchuimsithe a chur chun cinn do dhaoine breacaosta mar atá sonraithe faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.
- Rannóg Tithíochta CCDLRD - Curadh don Bhéarla Sothuigthe.

2.3.2 Cur leis an obair atá ar bun chun **tacú le daoine breacaosta imeallaithe** agus grúpaí daoine breacaosta in dlr.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha CCDLRD,Grúpa Gníomhaíochta Thaistealaithe Dheisceart BÁC, Fóram dlr um Lánpháirtiú, Making Connections / Naisc a Chruthú, LADT Éireann, Comhpháirtíocht Spóirt dlr | Daoine breacaosta agus grúpaí le haghaidh daoine breacaosta, Comhairle Daoine Breacaosta dlr | 2022-2026 | CCDLRD |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Tacaíocht agus tionscnaimh chomhoibríocha sa phobal mar aon le tionscadail ealaíon, chultúir, sláinte agus folláine arna gcur ar fáil chun tacú le taistealaithe breacaosta, daoine faoi mhíchumas, imircigh, daoine atá LADTI+, mionlaigh chreidimh agus daoine breacaosta atá imeallaithe.
- Tacaíocht curtha ar fáil agus tionscadail ann san ionchuimsiú digiteach, lánpháirtiú agus ionchuimsiú pobail agus imeachtaí amhail Féile Mhórtais na dTaistealaithe, Féile na hIonchuimsitheachta, Lá na hAfraice, Lá na hIndia, Bród, Bealtaine, etc.



Lá na hAfraice 2022 in dlr

## 2.3.3

**Cur leis an** ullmhacht oibre i gcás daoine breacaosta a bhfuil constaicí rompu i leith na fostaíochta.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath dlr | Scéim Fostaíochta Pobail dlr, BOOÁCDL | 2022-2026 | Maoiniú ón gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail, ó FSS agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Cineálacha comhoibríocha tacaíochta agus tionscnaimh á soláthar chun béim a leagan ar a luachmhaire is atá sé d'fhostóirí fostaithe lánfhásta a earcú atá 55 bliana d'aois agus os a chionn.
- An líon daoine 55+ bliana d'aois ar TÚS agus Socrúcháin Oibre CES dlr.
- An líon daoine atá 55+ bliana d'aois atá ag bogadh gach bliain ón dífhostaíocht go féinfhostaíocht.
- Acmhainn níos fearr in CES dlr le go mbeidh daoine 60+ bliain d'aois páirteach ann.

## 2.3.4

**An Clár chun Aitheantas a thabhairt do Ghnólachtaí Aoisbháúla** a fhás agus a fhorbairt ar bhun leanúnach i ngnólachtaí miondíola ar fud dlr.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Rannóg um Fhorbairt Gheilleagrach agus Oifig Fiontair Áitiúil CCDLRD | Gnólachtaí ar fud dlr, Rannóg Pobail CCDLRD, Comhlachas dlr agus Aoisbhá Éireann | 2022-2026 | CCDLRD, Aoisbhá Éireann |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- An líon gnólachtaí agus creidiúnú acu as seirbhísí aoisbháúla ardchaighdeáin a sholáthar ar fud dlr.
- Bileog eolais forbartha agus ceardlanna curtha ar fáil leis na deiseanna don ghnó Aoisbháúil in dlr a léiriú.
- Córas saincheaptha gradam chun aitheantas a thabhairt do ghnólachtaí as seirbhísí aoisbháúla ardchaighdeáin a sholáthar ar fud dlr.
- Lárionaid agus sráidbhailte sonraithe aoisbháúla ar fud an chontae.

## FAOI CHAIBIDIL




### Clár dlr chun Aitheantas a thabhairt do Ghnólachtaí Aoisbháúla

Fuair grúpa gnólachtaí i Lár Dhún Droma, i Lárionad Siopadóireachta Ascaill an Gharráin Cnó agus i nDún Laoghaire deimhniú in 2020 mar ghnólachtaí Aoisbháúla. Is iad Aoisbhá Éireann, an Rannóg um Fhorbairt Gheilleagrach agus an Clár Aoisbhá i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a reáchtáil an clár i gcomhair le Comhlachas Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Mar chuid den Chlár chun Aitheantas a thabhairt do Ghnólachtaí Aoisbháúla, moltar do mhiondíoltóirí agus soláthraithe seirbhíse smaoineamh ar na hathruithe ar chostas íseal nó gan chostas atá siad in ann a dhéanamh le go mbeidh taithí níos fearr ag custaiméirí breacaosta. I measc na n-athruithe atá déanta ag gnólachtaí a bhfuil an deimhniú bainte amach acu táthar tar éis suíochán scíthe a chur ar fáil, cinnte a dhéanamh go bhfuil gach comhartha soléite agus i gcló mór, agus déantar deimhin de go mbíonn go leor ama ag gach custaiméir atá ag siopadóireacht nó ag baint úsáid as an tseirbhís gnó agus a theastaíonn.

Bronntar Deimhniú Aitheantais ar ghnólachtaí aoisbháúla creidiúnaithe mar aon le greamán fuinneoige le custaiméirí a chur ar an eolas agus a mhealladh chun an ghnólachta.

Cuirfear an Clár chun Aitheantas a thabhairt do Ghnólachtaí Aoisbháúla ar fáil ar fud an chontae. Cuirfear oiliúint ar fáil agus moltar do ghnólachtaí áitiúla páirt a ghlacadh ann agus gnólachtaí Aoisbháúla a chur chun cinn gach áit i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

## 2.3.5 **Deiseanna táirgí agus seirbhísí** le haghaidh sochaí atá ag dul in aois lena soláthar ag gnólachtaí atá cheana ann / fiontair nua in dlr.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Oifig Fiontair Áitiúil CCDLRD | Gnólachtaí ar fud dlr, Fiontraíocht Éireann | 2022-2026 | Fiontraíocht Éireann |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Táirgí agus seirbhísí á bhforbairt agus iad dírithe ar dhaoine breacaosta.

## 2.3.6 Aitheantas a thabhairt don **éagsúlacht oidhreachta agus dearcthaí** atá in dlr.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Oifig Oidhreachta CCDLRD | Baill Chomhaontas Aoisbhá dlr | 2022-2023 | Deich mBliana na gCuimhneachán / Comhairle Oidhreachta na hÉireann / Ciste na Séadchomharthaí Pobail |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- 150 agallamh cartlannaithe, ar taispeáint agus foilsithe agus deiseanna ann éisteacht leis na hagallaimh i leabharlanna.
- An líon tionscnaimh rannpháirtíochta oidhreachta (mar shampla, malartú scileanna, deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, liostaí pobalbhunaithe, scéimeanna “cairde”, etc.)
- Moil Oidhreachta mar phointí teagmhála in dhá (2) Ionad Pobail ar a laghad.
- An líon imeachtaí ionchuimsitheacha, mar ‘Preabadh chun Oidhreachta, Clár Oidhreachta an tSamhraidh, etc.

2.3.7

Tacú le cuspóirí aoisbháúla trí bhíthin **tionscnaimh chruthaitheacha** le cathracha Eorpacha ar comhpháirtithe de chuid dlr iad.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Turasóireacht CCDLRD. | Rannóg um Airgeadas agus Forbairt Gheilleagrach CCDLRD | 2022-2026 | Maoiniú ón AE |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Tionscadal Nasctha dlr arna dhéanamh le cathracha Eorpacha ar comhpháirtithe iad.
- Tionscnaimh chruthaitheacha aoisbháúla arna gcur ar fáil idir dlr agus cathracha Eorpacha ar comhpháirtithe iad.

2.3.8

Deimhin a dhéanamh de go mbeidh **daoine breacaosta in ann teacht ar eolas maidir le deiseanna don chomhpháirteachas poiblí** in dlr ar ardáin chumarsáide éagsúla agus i dteangacha éagsúla agus tús áite á thabhairt do ghrúpaí daoine breacaosta atá imeallaithe.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Cumarsáid, Gnóthaí Corparáideacha agus Pobal CCDLRD agus Líonra Rannpháirtíochta Poiblí dlr | Comhpháirtíocht Dheisceart BÁC dlr, Fóram dlr um Lánpháirtiú, Grúpa Gníomhaíochta Thaistealaithe Dheisceart BÁC, an Grúpa Comhairliúcháin um Míchumas in CCDLRD, Making Connections / Naisc a Chruthú, ALONE, Comhairle Daoine Breacaosta dlr | 2022-2026 | CCDLRD |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Méadú ar an eolas atá ar fáil maidir le deiseanna i dtaobh comhpháirteachas poiblí, caitheamh vótaí agus teacht ar chinnteoireacht in dlr.
- Teacht níos fearr ar scileanna litearthachta agus digiteacha.
- Fócas as an nua arís ar chomhpháirteachas agus ionchuimsitheacht i dtaobh déanamh cinntí agus ceapadh beartais ag daoine breacaosta atá sa Phobal Taistealaithe, i measc na n-imirceach, sa Phobal LADTI+, i measc daoine atá faoi mhíchumas, cónaitheoirí i dtithe altranais agus i dtithe don chúram cónaithe, i measc na mionlach creideamh agus daoine breacaosta atá imeallaithe in dlr.

## 2.3.9

**Ionad Oibrithe Deonacha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chur chun cinn** mar shlí chun bheith ag plé le hoibrithe deonacha breacaosta.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Ionad Oibrithe Deonacha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | Líonra Rannpháirtíochta Poiblí dlr | Ar bun faoi láthair | |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Nuair a bheidh 15% de na hoibrithe deonacha nua a bheidh á gclárú 50+ bliain d'aois.
- Clár Oibrithe Deonacha Pobail dlr á chur chun cinn mar shlí sholúbtha don obair dheonach, ar oscailt do chách.

## 2.3.10

**Deiseanna deonacha do dhaoine óga agus daoine breacaosta** a chur ar fáil in dlr chun gníomhú, ceangal agus bheith páirteach.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Making Connections / Naisc a Chruthú. | Obair Dheonach Éireann | Ar bun faoi láthair | Faoi réir maoiniú inbhuanaithe |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Méadú ar líon na n-uaireanta deonacha.
- Oiliúint ar ardchaighdeán agus bainistiú oibrithe deonacha.
- Fáil ar réimse leathan ról.
- Éagsúlacht oibrithe deonacha á n-earcú (ó thaobh aoise, inscne, réimse spéise, scileanna de).
- Leibhéal ard sástachta i measc na n-oibrithe deonacha.

# Cuspóir 2.4

Cinnte a dhéanamh de go ndéanfar riachtanais daoine breacaosta ó thaobh póilíneachta, slándála agus sábháilteachta de a shásamh le go mbeidh siad in ann a bheith gníomhach i gcónaí ina gceantar áitiúil.

2.4.1

**Freagairt phras éifeachtach** ón nGarda Síochána a bhaint amach do dhaoine breacaosta.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| An Garda Síochána | | Ar bun faoi láthair | An Garda Síochána |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Straitéis an Gharda Síochána do Dhaoine Breacaosta suas chun dáta agus curtha i bhfeidhm go háitiúil.
- Foláireamh Téacs do sheanóirí curtha i bhfeidhm.
- An Garda Pobail i láthair go sásúil i gceantair áitiúla i gcomhréir leis an gCreat nua um Póilíniú Pobail.

2.4.2

Tionscnaimh a chur i bhfeidhm leis an **eagla roimh choireacht** a laghdú imeasc daoine breacaosta.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| An Garda Síochána | Rannóg Pobail CCDLRD | Ar bun faoi láthair | An Garda Síochána |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Seiceálacha leasa ar dhaoine breacaosta ar íospartaigh na coireachta iad.
- Naisc éifeachtacha chumarsáide á gcoinneáil ar bun idir an Garda Síochána agus daoine breacaosta sna Fóraim Áitiúla um Póilíneacht.
- Comhairle ar dhaoine breacaosta chun Coireacht a Chosc i bhfeidhm go háitiúil.

2.4.3

**Patról ard-infheictheachta dírithe** a dhéanamh i rith an ama i bhfeithiclí agus patról coise i gcomharsanachtaí a bhfuil ard-dlús nó líon mór daoine breacaosta iontu.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| An Garda Síochána | Cumann Daoine Breacaosta an Gharda Síochána | Ar bun faoi láthair | An Garda Síochána |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Ceantair don phatról dírithe arna sonrú mar thoradh ar Phlé leis an bPobal.

2.4.4

**Tuiscint ar dhaoine breacaosta sa phobal i measc an aosa óig** a chothú.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| An Garda Síochána | Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha CCDLRD | Ar bun faoi láthair | An Garda Síochána |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- ‘Bóithre níos sábháilte le haghaidh Daoine Breacaosta’, go háirithe i gceantair a mbaintear an-úsáid as scútair agus rothair, curtha chun cinn mar chuid de Chlár Idirbhliana agus Clár Scoileanna an Gharda Síochána.
- Tiománaithe óga ar an eolas níos mó ar dhaoine breacaosta atá ag tiomáint nó ag siúl.

Seirbhísí Comhroinnte

## Tosaíocht Straitéiseach 3

Cinnte a dhéanamh de go mbeidh dea-shláinte agus dea-fholláine ag daoine breacaosta ós rud é go mbeidh teacht acu ar sheirbhísí ardchaighdeáin sláinte agus pobail.

# Cuspóir 3.1

Réimse cuimsitheach comhtháite seirbhísí sláinte pobail atá inacmhainne, inrochtana agus ardchaighdeáin a chur ar fáil do dhaoine breacaosta agus daoine leochaileacha ina gceantar féin.

3.1.1

**Foirne don chúram comhtháite** a thabhairt isteach in ospidéil roghnaithe go mbeifear in ann daoine a atreorú chuig na seirbhísí a theastaíonn uathu.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| FSS | Ospidéil Ghéarmhíochaine, Lianna Comhairleacha in Ospidéil, Rannóga Éigeandála, an scéim Rannóg Éigeandála sa Bhaile | 2022 | FSS |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Cásanna atreoraithe á bhfáil ag foirne don chúram comhtháite ó earnáil na n-ospidéal géarmhíochaine.

3.1.2

Tacaíocht a thabhairt agus éascaíocht a dhéanamh chun **Cláir don Chúram Comhtháite** a fhorbairt do Dhaoine Breacaosta a bhfuil cónaí orthu i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| FSS | | 2022 | FSS |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Seirbhísí á gcur ar fáil in Ospidéal Chluain Sceach, sa Lárionad Cathrach, Bré, agus i mBóthar Thaobh an Ghleanna, Cill Mhantáin.

## 3.1.3

Lia Comhairleach Pobail sa Mhíochaine do Dhaoine Breacaosta a cheapadh chun na bhfoirne don Chúram Comhtháite.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| FSS | Ranna earcaíochta sna hOspidéil | 2022 | |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Lia Comhairleach Pobail sa Mhíochaine do Dhaoine Breacaosta ag obair i ngach ceann de na trí (3) ospidéal: Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Ospidéal San Mícheál agus Ospidéal Cholm Cille.

## 3.1.4

**Cur leis an soláthar Béilí ar Rothar agus** lena éasca atá sé teacht ar an tseirbhís mar thoradh ar chomhar níos fearr idir FSS, gníomhaireachtaí fiontraíochta sóisialta agus carthanais.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| FSS | Carthanais, Soláthraithe Seirbhíse Reatha, mar shampla, Béilí ar Rothaí na Seanchille, Cumainn Seanóirí na Carraige Duibhe agus Dhún Laoghaire, Béilí ar Rothaí Dheilginse, etc. | 2023-2024 | FSS |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Méadú 20% ar an méid béilí a bheidh ar fáil sa tseachtain ar fud Líonraí 3-6 (FSS, Líonraí i nDún Laoghaire).
- Cur le hacmhainn na scéime Béilí ar Rothaí in dlr agus múnlaí oibriúcháin bunaithe ar fhiontar sóisialta fiosraithe.

**3.1.5** Leapacha agus seirbhísí cúraim a chur ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse atá ag fanacht le pacáistí tacaíochta cúraim baile **chun tacú i gcónaí le cúram 'céim síos'.**

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| FSS | Ospidéal Shliabh Chairmeil agus Ionad Belmont i Stigh Lorgan | Ar bun faoi láthair | FSS |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Leapacha agus seirbhísí cúraim mar shampla fisiteiripe, teiripe shaothair, athinmheachán, etc., atá á gcur ar fáil in ionaid.

**3.1.6** **Teacht níos fearr ar ionaid cúraim lae** ar fud an cheantair.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| FSS | Baill Chomhaontas Aoisbhá dlr | 2022-2026 | FSS |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Méadú ar an líon láithreacha a bheidh in ann seirbhísí cúraim lae a chur ar fáil chun freastal ar an éileamh reatha.
- Méadú ar an obair i gcomhar le baill de Chomhaontú Aoisbhá dlr chun seirbhísí cúraim lae a chur chun cinn in dlr.

**3.1.7** **An tSeirbhís Faoisimh Néaltraithe a chur ar bun arís** agus tacaíocht a thabhairt go leanúnach do Sheirbhísí Néaltraithe reatha i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| FSS | Ospidéal Chluain Sceach, Cúram Iósaf na Seanchille agus Cumann Alzheimer na hÉireann | 2022 | FSS |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- An líon cliant a bheidh ag baint leas as leapacha a bheidh ann go sonrach dóibh siúd a bhfuil néaltrú orthu.

3.1.8

**An soláthar eolais a fheabhsú** agus feachtas feasachta a chur ar bun a bheidh dírithe ar dhaoine breacaosta, ar a dteaghlach agus ar chomhpháirtithe FSS (deonach agus príobháideach) i dtaobh seirbhísí agus cineálacha tacaíochta a chuirtear ar fáil.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
| --- | --- | --- | --- |
| FSS | FSS, Cúram Baile Deonach agus Príobháideach agus Comhpháirtithe Tacaíochta; baill de Chomhaontas Aoisbhá dlr | Ar bun faoi láthair | FSS |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Obair i gcomhar le baill eile i gComhaontas Aoisbhá dlr leis an Eolaire agus Iris Aoisbhá a chur ar fáil.
- Eolas maidir le Pacáistí Tacaíochta Cúraim Baile FSS a bheith ar fáil go héasca.

3.1.9

**Deimhin a dhéanamh de go mbeidh an clár Maireachtáil go maith le Néaltrú** fós ag tacú le daoine breacaosta a bhfuil néaltrú orthu in dlr agus lena dteaghlach, agus á gcumhachtú.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
| --- | --- | --- | --- |
| Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath dlr | Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha CCDLRD, FSS, Cumann Alzheimer na hÉireann, Making Connections / Naisc a Chruthú, ALONE, Cuan Cuimhní FSS | Ar bun faoi láthair | FSS |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- An líon daoine a bheidh ag baint leas as na seirbhísí faoin gclár Maireachtáil go maith le Néaltrú.
- An líon gníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha agus coirp a bheidh ar fáil do dhaoine breacaosta a bhfuil néaltrú orthu, dá dteaghlach agus dá gcúramóirí.
- An líon eagraíochtaí a chuirfidh seirbhísí ionchuimsitheacha / báúil le néaltrú ar fáil.

FAOI CHAIBIDIL



## An clár Maireachtáil go maith le Néaltrú (LWwD)

Tionscnamh a bhfuil duaiseanna buaite ar a shon atá sa chlár Maireachtáil go maith le Néaltrú ag Cúram Sláinte Pobail Thoir FSS. Tríd an gclár, cuirtear cúram agus tacaíocht dírithe ar an duine ar fáil do dhaoine atá buartha faoina gcuimhne, do dhaoine a bhfuil diagnóis acu don néaltrú, dá dteaghlach agus dá gcúramóirí. Is é prionsabal treorach an chláir 'An duine a fheiceáil, seachas an néaltrú'. Tá an clár á reáchtáil ag Comhpháirtíocht Dheisceart BÁC dlr, an Charraig Dhubh. Is é is aidhm don chlár feasacht a mhúscailt faoin néaltrú, náire a laghdú, diagnóis luath a spreagadh agus tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine atá ag maireachtáil agus néaltrú orthu in dlr.

An cúram duinelárnach atá mar chroí-chreidiúint ag foireann LWwD. An aisling atá againn ná pobal ina dtugtar meas, tacaíocht agus cumhacht do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu. Pobal a bhfuil meas sóisialta agus cultúrtha ar dhaoine a bhfuil néaltrú orthu. Pobal a mbíonn daoine a bhfuil néaltrú orthu páirteach go gníomhach i gcultúr sábháilte. Tá grúpaí gníomhaíochtaí á reáchtáil ag LWwD ina gcuirtear fáilte chroíúil roimh dhaoine a bhfuil néaltrú orthu, roimh theaghlaigh na ndaoine sin agus roimh a gcúramóirí, an cór Sweet Memories, Ealaín, Damhsa, Aclaíocht agus Beiriste. Tá tacaíocht ar fáil chomh maith, is é sin tráthnónta eolais le haghaidh cúramóirí.

# Cuspóir 3.2

Cineálacha nuálacha tacaíochta agus fuascailtí a thairiscint leis an maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn.

**3.2.1** **Seirbhísí ardchaighdeáin atá oiriúnaithe don duine** a chur ar fáil le gur féidir le daoine dul in aois ar bhealach dearfach sa bhaile.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| FSS, ALONE, Comhpháirtíocht Dheisceart BÁC dlr | Making Connections / Naisc a Chruthú, Aoisbhá Éireann, Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha CCDLRD | 2022 - 2026 | FSS, ALONE, Making Connections / Naisc a Chruthú, Comhpháirtíocht Dheisceart BÁC dlr, CCDLRD |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Líonra de Mhoil Seirbhíse ALONE neartaithe.
- An líon úsáideoirí ag na haipeanna ALONE B Connect, B Well, B Friend, B Home.
- Tacaíocht phraiticiúil á maoiniú ag FSS, pleananna pearsanta agus seirbhísí don oideasú sóisialta á gcur ar fáil.
- An líon daoine breacaosta ag fáil tacaíocht aclaíochta, tacaíocht agus iad á scaoileadh ón ospidéal agus eolas á chur ar fáil dóibh.
- An líon daoine ag baint leas as Seirbhís Seachadta Leabhar Leabharlanna dlr agus meascán múnlaí seachadta ann mar chuid de na seirbhísí teagmhála.
- An Teicneolaíocht Chúnta á cur chun cinn.

## 3.2.2

Cláir agus tionscadail phobalbhunaithe a chur ar fáil chun **folláine coirp agus folláine meabhairshláinte** a fhorbairt.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Comhpháirtíocht Dheisceart BÁC dlr, Comhpháirtíocht Spóirt dlr, Fóillíocht dlr agus an Clár Éire na Sláinte | Aoisghníomhaíocht Éireann, Aostacht agus Deiseanna | 2022 – 2026 | An maoiniú ón gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail, ó Éire na Sláinte, FSS agus CCDLRD ar fáil go leanúnach. |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- An líon cláir agus tionscadail phobalbhunaithe, nó a scóip siúd, á gcur ar fáil chun freastal ar riachtanais daoine breacaosta méadaithe agus á choinneáil ar an leibhéal sin.
- Méadú ar an líon daoine ag baint leas as Clár FSS Maireachtáil go Maith agus an Fhoireann Uirlisí, Bia Folláin go Simplí, agus as tionscnaimh CCDLRD don tsláinte coirp, don mheabhairshláinte agus don fholláine
- Taifead den líon daoine breacaosta a ghlacann páirt.

## 3.2.3

Leanúint ar aghaidh leis an bhforbairt ar **Ghrúpaí Aoisbháúla pobail agus ionchuimsithe shóisialta** atá ag feidhmiú ar ardchaighdeán in dlr.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha CCDLRD. | Líonra Rannpháirtíochta Poiblí dlr, Comhpháirtíocht Dheisceart BÁC dlr, eagraíochtaí agus grúpaí Pobail agus Ionchuimsithe Shóisialta ar fud an chontae. | 2022 – 2026 | Scéimeanna Deontais CCDLRD, maoiniú ón Rannóg Forbartha Tuaithe agus Pobail |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Tacaíocht, maoiniú agus oiliúint á gcur ar fáil do ghrúpaí, clubanna, botháin, cumainn agus eagraíochtaí Pobail, Aoisbháúla agus um Ionchuimsiú Sóisialta ar fud dlr.

## 3.2.4 **Tacú le tionscadail agus tionscnaimh Aoisbhá** mar pháirt de chlár CCDLRD Éire Ildánach, ar bhonn bliantúil

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Foireann Cultúir CCDLRD | Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha CCDLRD agus Oifigeach Gníomhaithe ar son na hAeráide CCDLRD | 2022 – 2026 | Éire Chruthaitheach |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- An líon imeachtaí agus cláir ealaíon agus cultúrtha dírithe ar dhaoine breacaosta gach bliain.
- Aip na leabharlainne, feasacháin leictreonacha, fógráin, cainéil ar na meáin shóisialta, suíomhanna gréasáin agus ríomhphost.
- Sonraí maidir le seirbhísí CCDLRD mar chruachóip agus cóip bhog.

**FAOI CHAIBIDIL**



### Cuimhní Corraithe – Scéalta ó na Seanlaethanta

Is éard is 'Cuimhní Corraithe - Scéalta ó na Seanlaethanta' ann tionscnamh ealaíon folláine comhoibríoch agus taispeántas staire sóisialta béil de chuid Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus páirteach ann tá baill ó Ionaid Cúraim Lae, Leabharlanna dlr, Clár Aoisbhá, an scéalaí agus amhránaí Helena Byrne agus ceoltóirí áitiúla, maoinithe ag Éire Ildánach.

Bhí rannpháirtithe ó 5 Ionad Lae páirteach sa tionscadal agus chuir 80+ duine breacaosta leis an tionscadal folláine, ealaíon agus staire béil. Bhuail nach mór 60 rannpháirtí le Helena Byrne agus cuireadh 30 scéal agus cuntas scríofa isteach chuig an tionscadal.

Seoladh an taispeántas closamhairc agus ar líne a tháinig as i mí Feabhra 2022 sa Leabharlann LexIcon, Dún Laoghaire. Tarraingíodh an-aird náisiúnta agus aird air agus, ina dhiaidh sin, chuathas ar thuras thart ar Leabharlanna, Ionaid Cúraim Lae, Tithe Altranais agus Áiseanna Pobail ar fud dlr.

3.2.5 **Tacú le heagraíochtaí** ar fud an chontae chun eolas a scaipeadh agus oiliúint a chur ar fáil le tacaíocht a thabhairt do dhaoine breacaosta agus ó thaobh obair dheonach de.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| ALONE, Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha CCDLRD, Comhaontas Aoisbhá dlr agus Aoisbhá Éireann | Líonra Tionchair Pobail ALONE, Grúpaí Pobail agus Deonacha Daoine Breacaosta ar fud na tíre, Líonra Áiseanna Pobail, Líonra Rannpháirtíochta Poiblí dlr agus Ionad Oibrithe Deonacha dlr | Ar bun faoi láthair | ALONE, CCDLRD |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Oiliúint ó ALONE le haghaidh Comhordaitheoirí curtha ar fáil.
- Bunoiliúint Déanta Cairdis d'Oibrithe Deonacha curtha ar fáil.
- Comhdheiseanna foghlama idir piaraí duine le duine agus ar líne ag ALONE le go mbeidh teacht ag muintir na tuaithe air.
- Oiliúint tacaíochta agus oiliúint bainistíochta cáis curtha ar fáil.
- Treoirchlár meantóireachta agus uasoiliúna curtha ar bun chun tacú leis an aistriú eolais agus malartú scileanna idirghlúine i nGrúpaí Pobail agus Boird Dheonacha Bhainistíochta agus chun tuilleadh oibrithe deonacha a mhealladh.

Obair le Chéile

## Tosaíocht Straitéiseach 4

Cur leis an gcumas atá againn obair a dhéanamh i gcomhar a chéile chun dálaí agus timpeallacht ionchuimsitheach inbhuanaithe a chothú agus iad ag dul anonn in aois in dlr.

# Cuspóir 4.1

Ó na nithe dearfacha a fuaireamar amach in aimsir Covid-19, socruithe oibriúcháin agus rialachais Chomhaontas Aoisbhá dlr a fheabhsú chun bealaí comhoibríocha oibre a chothú.

**4.1.1** Tacú le **clár náisiúnta** Aoisbhá Éireann a chur ar fáil go háitiúil.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Aoisbhá Éireann, Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha CCDLRD | CCDLRD agus baill den Chomhaontas Aoisbhá | 2022-2026 | Scéimeanna Deontais CCDLRD, maoiniú ón Rannóg Forbartha Tuaithe agus Pobail |

**PTFanna - Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Baill foirne á n-aithint chun glacadh leis na róil mar Bhainisteoir an Chláir Aoisbhá agus Comhairleoir Teicniúil um Thithíocht Aoisbhá. Tionscnaimh á gcur i bhfeidhm, amhail Tithe Sláintiúla Aoisbháúla, Ambasadóir Aoisbhá, Ambasadóirí Digiteacha Aoisbhá, Cláir don Teicneolaíocht Chúnta, etc.
- Ionadaí ó Aoisbhá Éireann i láthair ar chruinnithe de chuid Chomhaontas Aoisbhá dlr.
- Nuachtlitir Aoisbhá Éireann agus eolas faoin eagraíocht a scaipeadh.
- Páirteach i dtionscnaimh, feachtais agus imeachtaí de chuid Aoisbhá Éireann agus dea-chleachtas a mhalartú.

## 4.1.2 **Foghrúpaí a chur ar bun** chun an méid atá sa phlean straitéiseach a bhaint amach agus a chur i ngníomh.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Comhaontas Aoisbhá Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) | | Ar bun faoi láthair | CCDLRD agus baill den Chomhaontas Aoisbhá |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Struchtúir éifeachtacha rialachais i bhfeidhm.

## 4.1.3 **Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur i ngníomh** Straitéis Aoisbhá dlr 2022-2026

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Rannóg Pobail CCDLRD agus Comhaontas Aoisbhá dlr | Meitheal Aoisbhá Idir-rannach CCDLRD | 2022-2026 | Faoi réir moltaí maoinithe tionscadail i gcás an údaráis áitiúil agus maoiniú náisiúnta a bheith i bhfeidhm |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Tuairisciú, monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar Straitéis Aoisbhá dlr 2022-2026.
- Meitheal Aoisbhá Idir-rannach CCDLRD agus tacaíocht riaracháin ó Chlár Aoisbhá CCDLRD.
- Freagairt sholúbtha, chomhtháite, aontreoch ar an éagsúlacht tionchair ar bheartas a bhainfear amach.

4.1.4

**Plé a dhéanamh le gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla** chun riachtanais agus éilimh daoine breacaosta a mheas agus chun comhpháirtíochtaí a fheabhsú sna limistéir atá i gcoitinne againn.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| An Garda Síochána | CCDLRD, Cumann Daoine Breacaosta an Gharda Síochána, Comhairle Daoine Breacaosta dlr, Eagraíochtaí pobail agus deonacha, Comhaontas Aoisbhá dlr | 2022-2026 | |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Meitheal ilghníomhaireachtaí sábháilteachta agus slándála curtha ar bun ag Comhaontas Aoisbhá dlr.
- Ábhar ón nGarda Síochána in Iris agus Eolaire Aoisbhá dlr.
- Feasacht ar an tacaíocht atá ar fáil d'íospartaigh amhail Oifig Seirbhíse an Gharda Síochána d'Íospartaigh agus an líon daoine atá á húsáid.
- Buntáistí a bhaineann le haláraim sábháilteachta pearsanta agus seirbhís faireacháin á cur chun cinn.
- Scéim Glas Ardslándála curtha ar fáil.



Scéim Glas Ardslándála CCDLRD

## FAOI CHAIBIDIL




**Ronnie Delany, Ambasadóir Aoisbhá dlr**

Mar pháirt de chlár náisiúnta Aoisbhá Éireann, tugtar cuireadh do gach údarás áitiúil Ambasadóir Aoisbhá a cheapadh - ról oinigh a dhéanfaidh duine áitiúil mór le rá le hionadaíocht a dhéanamh ar Chlár Aoisbhá thar ceann daoine breacaosta ina gcathair/contae féin.

Tá lúcháir ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus ar Aoisbhá Éireann go bhfuil Ronnie Delany a bhfuil cónaí air i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus é ina bhuaiteoir boinn óir na hÉireann don 1500m sna Cluichí Oilimpeacha i gcluichí an tsamhraidh i 1956 in Melbourne tar éis glacadh leis an gcuireadh chun bheith mar Ambasadóir Aoisbhá dlr in 2022.

Tá Ronnie Delany an-oiriúnach le bheith mar abhcóide agus inspioráid ag an bpobal breacaosta in dlr. An taithí fhairsing atá aige, a shaol spreagúil spóirt, gairmiúil agus deonach chomh maith lena phaisean agus a phroifisiúntacht, cáilíochtaí iad sin a chuireann go mór le clár Aoisbhá dlr agus leis an aisling atá againn gur contae Aoisbháúil a bheidh i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

# Cuspóir 4.2

Leanúint leis an obair i gcomhar a chéile chun beartais agus coinníollacha níos fearr do dhaoine breacaosta in dlr, sa réigiún agus go náisiúnta a chosaint agus a mholadh.

4.2.1 **Cur le guth Chomhairle Daoine Breacaosta dlr** chun údar imní do dhaoine breacaosta a shonrú, eolas a chur ar fáil ina thaobh agus tionchar a imirt.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Comhairle Daoine Breacaosta dlr | Rannóg Pobail CCDLRD, Comhaontas Aoisbhá dlr, Scéim Fostaíochta Pobail CCDLRD | Ar bun faoi láthair | CCDLRD |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Ionadaíocht níos mó ar gach áit agus ionadaíocht ar dhaoine breacaosta atá imeallaithe ar Chomhairle Daoine Breacaosta dlr.
- Méadú ar bhallraíocht i ngrúpaí, clubanna, botháin, cumainn agus eagraíochtaí do dhaoine breacaosta le Comhairle na nDaoine Breacaosta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Rialachas níos fearr agus méadú ar oiliúint chun acmhainn an phobail a fhorbairt agus chun feasacht a mhúscailt curtha ar fáil ag Comhairle Daoine Breacaosta dlr agus grúpaí ballraíochta.



Baill éagsúla de Chomhairle Daoine Breacaosta dlr in 2022

# Cuspóir 4.3

## Obair chomhoibríoch a dhéanamh le cumarsáid agus teachtaireachtaí a bheachtú agus a chur chun cinn le héifeachtacht Chomhaontas Aoisbhá dlr a fheabhsú.


4.3.1 Obair a dhéanamh i gcomhar le gach ball i gComhaontas Aoisbhá dlr chun an **scaipeadh eolais a fheabhsú** le daoine breacaosta sa phobal a chur ar an eolas agus a ghríosú chun bheith páirteach.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| CCDLRD | Baill Chomhaontas Aoisbhá dlr | 2022-2026 | Cómhaoinithe |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Irisí eolais, eolairí agus bileoga Aoisbhá dlr a chur ar fáil ar bhonn comhordaithe i mBéarla sothuigthe mar chruachóipeanna agus cóip bhog. Físeáin eolais a léiriú.
- Treoirchlár múscailte feasachta a sholáthar maidir le seirbhísí tacaíochta dlr agus áitiúla chomh maith le gníomhaíochtaí atá ar fáil ag daoine a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht de chuid na Comhairle atá ceaptha go speisialta le haghaidh daoine breacaosta.

**FAOI CHAIBIDIL**







### Irisí Aoisbhá dlr

Chuir Rannóg Pobail CCDLRD irisleabhair Aoisbhá ar fáil sa gheimhreadh in 2020 agus 2021, á maoiniú ag Éire Ildánach, Éire na Sláinte agus Cúram Sláinte. Rinneadh na hirisí a fhorbairt i gcomhar le comhpháirtithe na Comhairle i gComhaontas Aoisbhá dlr mar fhoinse eolais agus siamsaíochta do phobal breacaosta an Chontae le linn an gheimhridh. Bhí eolas áitiúil agus samplaí tacaíochta áitiúla iontu, eolas sláinte agus folláine, gníomhaíochtaí agus tomhais chomh maith le gearrscéalta, filíocht agus oidis ó bhaill den phobal.

4.3.2 Imeacht mórscála Aoisbhá a chur i láthair, **imeacht in dlr chun solas a chaitheamh agus ceiliúradh a dhéanamh ar sheirbhísí agus tacaíocht aoisbhá** atá ar fáil sa chontae.

| Comhpháirtí Cinn | Comhpháirtithe Tacaíochta Soláthair | An tAmscála | Deiseanna maoinithe |
|---|---|---|---|
| Rannóg Pobail CCDLRD agus baill de Chomhaontas Aoisbhá dlr | Ionad an imeachta, Foireann Imeachtaí CCDLRD, Eagraíochtaí agus grúpaí Aoisbhá dlr | 2023, 2025 | CCDLRD agus cómhaoiniú ó bhaill de Chomhaontas Aoisbhá dlr |

**PTFanna – Cén fhianaise a léireoidh go bhfuil an cuspóir bainte amach?**

- Imeacht gach dara bliain bunaithe ar sheirbhísí agus cineálacha tacaíochta aoisbháúla atá in dlr a cheiliúradh agus a chur os comhair an phobail.

**FAOI CHAIBIDIL**



**Móraonach dlr don Aosú Folláin, 2019**

I mí an Mheithimh 2019, reáchtáil an Chomhairle Contae, i comhar le Comhaontas Aoisbhá dlr Móraonach dlr don Aosú Folláin sa Phailliún in aice Ráschúrsa Bhaile na Lobhar.  Le linn an imeachta, rinneadh ceiliúradh ar sheirbhísí agus cineálacha tacaíochta atá ar fáil do dhaoine i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus cuireadh os comhair an phobail iad. Chualathas ón tiománaí railí cáiliúil Rosemary Smith agus ón údar, file agus láithreoir teilifíse Christy Kenneally, agus bhí ceardlanna damhsa, taispeántais chócaireachta agus 47 seastán eolais ann.

Leis an Móraonach tugadh deis do dhaoine comhrá a dhéanamh, plé le daoine eile agus éisteacht le cainteanna ar ábhar spéise dóibh féin, go háirithe maidir le topaicí mar an rannpháirtíocht, sláinte agus slándáil a sonraíodh i Straitéis Aoisbhá 2016-2020 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

D'fhreastail thart ar 2,000 duine ar an imeacht.

# Monatóireacht agus Athbhreithniú

Agus ról comhordaithe uirthi mar chomhairle, déanfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chinntiú, in éindí le Cathaoirleach agus baill Chomhaontas Comhbhá dlr, go ndéanfar monatóireacht agus measúnú ar Straitéis Aoisbhá dlr ar dhóigheanna éagsúla: Déanfaidh Comhaontas Aoisbhá dlr cómhaoirseacht ar chur i ngníomh na straitéise seo ina struchtúir rialachais mar atá bunaithe. Beidh an Comhaontas ag obair go dlúth le CCDLRD, Comhairle Daoine Breacaosta dlr agus Aoisbhá Éireann lena dheimhniú go gcuirfear gníomhaíochtaí socraithe i ngníomh agus fáil acmhainní á cur san áireamh.

Déanfaimid an dul chun cinn a mheas i gcomparáid le haidhmeanna agus cuspóirí Chomhaontas Aoisbhá dlr; fáil amach an bhfuilimid ag déanamh dul chun cinn i dtreo chuspóir na straitéise; fáil amach an bhfuil gníomhaíochtaí á gcur i ngníomh mar a bhí beartaithe; fáil amach an bhfuil an straitéis ag freastal ar riachtanais a spriocghrúpa; fáil amach an bhfuilimid ag úsáid na n-acmhainní atá againn go héifeachtach éifeachtúil; a mhéid is féidir linn a tionchar a léiriú i gcomparáid leis na táscairí feidhmíochta comhaontaithe lenár rannóga sa Chomhairle agus príomhpháirtithe leasmhara.

Go hinmheánach, déanfaimid éifeachtacht dhul chun cinn na straitéise a thomhas agus a mheasúnú i gcomparáid le riachtanais ár spriocanna agus cuspóirí corparáideacha. Déanfaidh foireann Aoisbhá CCDLRD monatóireacht go rialta ar an dul chun cinn, a thuairisceoidh do Chomhaontú Aoisbhá dlr agus don Choiste um Beartas Straitéiseach Pobail, Cultúir agus Folláine.

Fágfaidh an plean forfheidhmithe go mbeimid in ann díriú ar aon rioscaí, deiseanna nó dúshláin nua a bheadh ann ar ghá iad a mhaolú agus a shocrú. Tabharfar tuairiscí rialta do Chomhaontas Aoisbhá dlr le stádas agus dul chun cinn na straitéise agus obair an Chomhaontais a chur in iúl.

# Aguisín I

Straitéis Aoisbhá 2022-2026 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Tuarascáil ón gComhairliúchán Poiblí

# Straitéis Aoisbhá 2022-2026 Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin: Tuarascáil ón gComhairliúchán Poiblí

Bhí an comhairliúchán ar siúl ó 06/11/2020 go 09/02/2021


Freagraí ar an suirbhé seo: 621

## 1. Próifíl an Rannpháirtí

### a) Cén inscne thú?

*Fuarthas 621 freagra ar an gceist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Bean | 443 | 71.34% |
| Fear | 170 | 27.38% |
| B'fhearr liom gan a rá | 8 | 1.29% |




### b) Cén t-aoisghrúpa ina bhfuil tú?

*Fuarthas 621 freagra ar an gceist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Faoi bhun 55 | 46 | 7.41% |
| 55 – 60 | 74 | 11.92% |
| 61 – 69 | 223 | 35.91% |
| 70–79 | 229 | 36.88% |
| 80 – 90 | 41 | 6.60% |
| Os cionn 90 | 5 | 0.81% |
| B'fhearr liom gan a rá | 3 | 0.48% |


### c) An bhfuil tú i do chónaí faoi láthair .....?

*Fuarthas 621 freagra ar an gceist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Le céile / comhpháirtí / ball teaghlaigh | 437 | 70.37% |
| Leat féin | 177 | 28.50% |
| B'fhearr liom gan a rá | 6 | 0.97% |
| Eile | 1 | 0.16% |
| I dTeach Altranais | 0 | 0.00% |

### d) Cén Toghcheantar i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin a bhfuil cónaí ort ann faoi láthair?

*Fuarthas 621 freagra ar an gceist seo*



## 2. Páirtíocht Shóisialta

### a An nglacann tú páirt in aon cheann de na gníomhaíochtaí thíos i do cheantar?

*Fuarthas 613 freagra ar an gceist seo. Níor fhreagair ochtar (8) freagróirí an cheist seo. Roghnaíodh 995 freagra san iomlán - ceist ilroghnach*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Sóisialta | 278 | 27.94% |
| Pobal | 207 | 20.80% |
| Deonach | 193 | 19.40% |
| Ceann ar bith thuas | 159 | 15.98% |
| Séipéal | 158 | 15.88% |

### b) An bhfuil tú i do cheannaire i do phobal?

*Fuarthas 610 freagra ar an gceist seo. Níor fhreagair aon fhreagróir déag (11) an cheist seo.*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Tá | 92 | 15.08% |
| Níl | 492 | 80.66% |
| B'fhearr liom gan a rá | 26 | 4.26% |

### c) Mura bhfuil tú páirteach i ngrúpa cheana, an spéis leat páirt a ghlacadh in aon cheann de na grúpaí thíos?

*Fuarthas 577 freagra ar an gceist seo. Níor fhreagair ceithre fhreagróir is ceathracha (44) an cheist seo.*

*Roghnaíodh 2383 freagra san iomlán - ceist ilroghnach*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Grúpa Gníomhaíochta Lucht Scoir | 215 | 9.02% |
| Na hEalaíona / Cultúr / Teangacha | 236 | 9.90% |
| Club Beiriste | 94 | 3.94% |
| Grúpa Eaglais / Reiligiúnach | 53 | 2.22% |
| Ionad Cúraim Lae | 27 | 1.13% |
| Gníomhaíochtaí comhshaoil / feasacht comhshaoil | 185 | 7.76% |
| Gníomhaíochtaí Garraíodóireachta / Amuigh faoin aer | 226 | 9.48% |
| Oidhreacht / Stair Áitiúil | 204 | 8.56% |
| Fóillíocht / Spóirt (snámh, galf, babhláil, srl.) | 258 | 10.83% |
| Leabharlanna / Club Leabhar | 232 | 9.74% |
| Seid na bhFear / Grúpa na bhFear | 51 | 2.14% |
| Ranganna Ceoil / Damhsa | 16 | 0.67% |
| Club Rothlach / Club na Leon | 36 | 1.51% |
| Grúpa Tacaíochta / Comhairleoireachta | 56 | 2.35% |
| Grúpa taistil | 151 | 6.34% |
| Obair dheonach / forbairt áitiúil | 172 | 7.22% |
| Grúpa ban | 128 | 5.37% |
| Ceann ar bith thuas | 29 | 1.22% |
| Clubanna /grúpaí eile | 14 | 0.59% |

## d) Cad iad na príomhchúiseanna nach mbeifeá in ann / nach mbeadh spéis agat a bheith páirteach i ngrúpa / ngníomhaíocht i do cheantar? (Roghnaigh gach ceann a bhaineann leat)

*Fuarthas 510 freagra ar an gceist seo. Níor fhreagair céad is aon déag freagróir (111) an cheist seo. Roghnaíodh 600 freagra san iomlán - ceist ilroghnach*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Ní bhaineann an cheist seo liomsa | 302 | 50.33% |
| Níl an t-am agam | 80 | 13.33% |
| Níl aithne agam ar aon duine eile ann | 59 | 9.83% |
| Imníoch / eagla ort dul isteach i ngrúpa nua | 43 | 7.17% |
| Níl go leor airgid agat chun a bheith páirteach | 33 | 5.50% |
| Freagrachtaí cúraim | 30 | 5.00% |
| Ní féidir liom ar chúiseanna sláinte | 22 | 3.67% |
| Cúiseanna eile | 19 | 3.17% |
| Ní maith liom buaileadh le daoine | 6 | 1.00% |
| Níl aon iompar agam | 6 | 1.00% |

## e) An bhfuil tú ar an eolas faoi aon cheann de na tacaíochtaí/seirbhísí/ imeachtaí seo a leanas do dhaoine breacaosta a fhaigheann tacaíocht ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin?

*Fuarthas 599 freagra ar an gceist seo. Níor fhreagair dhá fhreagróir is fiche (22) an cheist seo*

*Roghnaíodh 1383 freagra san iomlán - ceist ilroghnach*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Imeachtaí oidhreachta | 227 | 16.41% |
| Leabharlanna / Cláir Ealaíon do dhaoine breacaosta | 224 | 16.20% |
| Féile na Bealtaine | 204 | 14.75% |
| Ceann ar bith thuas | 184 | 13.30% |

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Eolaire Seirbhísí agus Gníomhaíochtaí do Dhaoine Breacaosta dlr | 122 | 8.82% |
| Féile Cuimsithe dlr | 98 | 7.09% |
| Scéim Foláirimh do Sheanóirí | 89 | 6.44% |
| Gníomhaíochtaí Chomhpháirtíocht Spóirt dlr | 74 | 5.35% |
| Comhaontas Aoisbhá Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) | 69 | 4.99% |
| Cumann Daoine Breacaosta an Gharda Síochána | 50 | 3.62% |
| Comhairle na nDaoine Breacaosta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin | 42 | 3.04% |

## 3. Cumarsáid

### a) An bhfuil tú ag fáil eolas rialta faoi na rudaí a bhíonn ag tarlú i do cheantar?

*Fuarthas 602 freagra ar an gceist seo. Níor fhreagair naoi bhfreagróir déag (19) an cheist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Tá | 316 | 52.49% |
| Níl | 286 | 47.51% |

### b) Dá mba ghá duit faisnéis a bhaineann le haosú a fháil (duit féin nó do bhall teaghlaigh), roghnaigh 3 rogha ón liosta thíos de na foinsí faisnéise is dóichí a d'úsáidfeá:

*Fuarthas 615 freagra ar an gceist seo. Níor fhreagair seisear freagróirí (6) an cheist seo*

*Roghnaíodh 2100 freagra san iomlán - ceist ilroghnach*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Idirlíon | 395 | 18.81% |
| Teaghlach / Cairde | 257 | 12.24% |
| Leabharlann | 174 | 8.29% |
| Soláthraithe Cúraim Sláinte (Ionad Sláinte, Dochtúirí Teaghlaigh, Ospidéal etc.) | 161 | 7.67% |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 144 | 6.86% |
| Nuachtáin agus irisí áitiúla | 143 | 6.81% |
| Amanna dlr | 129 | 6.14% |
| Grúpaí Gníomhaíochta Lucht Scoir | 112 | 5.33% |
| Nuachtáin agus irisí náisiúnta | 110 | 5.24% |
| Raidió Náisiúnta | 103 | 4.90% |

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Na Meáin Shóisialta | 98 | 4.67% |
| Grúpaí Eaglais / Reiligiúnacha | 63 | 3.00% |
| An Teilifís | 60 | 2.86% |
| Aoisbhá Éireann | 50 | 2.38% |
| An Garda Síochána, Aonad Póilíneachta Pobail | 39 | 1.86% |
| Raidió Áitiúil | 27 | 1.29% |
| Grúpa Pobail / Cumainn Phobail | 11 | 0.52% |
| Faisnéis do Shaoránaigh | 10 | 0.48% |
| Ceann ar bith thuas | 8 | 0.38% |
| Eile | 6 | 0.29% |

# 4. Rochtain ar Spásanna Lasmuigh agus Foirgnimh Phoiblí



## a) Conas a mheasfá na deiseanna chun rochtain a fháil ar spásanna lasmuigh agus ar fhoirgnimh phoiblí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin?

*Fuarthas 615 freagra ar an gceist seo. Níor fhreagair seisear freagróirí (6) an cheist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Iontach | 128 | 20.81% |
| An-mhaith | 268 | 43.58% |
| Maith | 148 | 24.07% |
| Measartha | 57 | 9.27% |
| Lag | 14 | 2.28% |

## b) Cad iad na bearta a d'fhéadfadh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a dhéanamh chun feabhas a chur ar na deiseanna do dhaoine breacaosta taitneamh a bhaint as ár spásanna poiblí?

*Fuarthas 465 freagra ar an gcuid seo den cheist; níor fhreagair 156 freagróir an cheist seo.*

*Luadh 697 Gníomh/Téama ar an iomlán. Saoirse téacs sna freagraí don cheist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Suíocháin Phoiblí<br>*(ina measc: tuilleadh suíocháin phoiblí, tuilleadh suíocháin ar foscadh)* | 112 | 16.07% |
| Páirceáil<br>*(ina measc: tuilleadh carrchlós, tuilleadh áiteanna páirceála a bheadh dírithe ar an Aoisbhá, páirceáil níos saoire)* | 92 | 13.2% |
| Bainistíocht Saoráidí / Áiseanna<br>*(ina measc: saoráidí a fheabhsú, tuilleadh boscaí bruscair, páirceanna a fheabhsú, bealach isteach do chathaoireacha rothaí, áiteanna do mhadraí, glantóireacht taobh amuigh, amanna ar leith do dhaoine scothaosta, scairdeáin uisce, ráillí láimhe, graifítí a bhaint, páirceáil fágála, bealaí amach ó pháirceanna a bheadh ní ba shábháilte)* | 78 | 11.19% |
| Cumarsáid<br>*(ina measc: tuilleadh fógraíochta, tuilleadh eolais, comharthaíocht níos fearr)* | 75 | 10.76% |
| Rothaíocht<br>*(ina measc: srian a chur leis an mbonneagar rothaíochta (diúltach), bonneagar rothaíochta a fheabhsú (dearfach), moladh do rothaithe cloigín a úsáid)* | 69 | 9.9% |
| Cúiseanna eile<br>*(ina measc: rialacha a chur i bhfeidhm, póilíneacht/sábháilteacht, tuilleadh oibrithe deonacha, níos lú imeachtaí poiblí a chuireann isteach ar shaol daoine, mar shampla ceolchoirmeacha, meas a léiriú ar dhaoine, bealach isteach chuig lárionad siopadóireachta Bhaile Amhlaoibh, áiteanna a theorannú do choisithe, cúrsa gailf. tithíocht, an bóthar a thrasnú go sábháilte)* | 64 | 9.18% |
| Leithris Phoiblí | 58 | 8.32% |
| Cosáin | 53 | 7.6% |
| Gníomhaíochtaí Eagraithe | 37 | 5.3% |
| Iompar Poiblí | 33 | 4.73% |
| Níl a fhios agam | 26 | 3.73% |

## 5. Iompar agus Soghluaisteacht

### a) An gceapann tú go bhfuil sé éasca do dhaoine breacaosta bogadh timpeall i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin?

*Fuarthas 602 freagra ar an gcuid seo den cheist; níor fhreagair 19 freagróir an cheist seo.*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Tá | 341 | 56.64% |
| Níl | 261 | 43.36% |





### b) Conas a mheasfá an rochtain atá agat ar iompar poiblí i do cheantar?

*Fuarthas 612 freagra ar an gcuid seo den cheist; níor fhreagair naonúr (9) freagróirí an cheist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Iontach | 110 | 17.97% |
| An-mhaith | 174 | 28.43% |
| Maith | 179 | 29.25% |
| Measartha | 109 | 17.81% |
| Lag | 40 | 6.54% |

### c) Céard (más ann) a chuideodh leat an rochtain atá agat ar áiteanna poiblí agus seirbhísí poiblí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin a fheabhsú?

*Fuarthas 600 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair 21 freagróir an cheist seo*

*Roghnaíodh 1453 freagra san iomlán - ceist ilroghnach*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Cosáin agus bealaí siúil feabhsaithe | 415 | 28.56% |
| Páirceáil Ainmnithe do Dhaoine Breacaosta | 341 | 23.47% |
| Iompar poiblí feabhsaithe chuig seirbhísí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin | 266 | 18.31% |
| Páirceáil ainmnithe bhreise do thiománaithe faoi mhíchumas | 153 | 10.53% |
| Bealaí rothaíochta feabhsaithe | 115 | 7.91% |
| Tuilleadh rothar / trírothach saor in aisce a chur ar fáil don phobal | 94 | 6.47% |
| Eile | 41 | 2.82% |
| Ceann ar bith thuas | 17 | 1.17% |
| Áiseanna Poiblí níos fearr | 11 | 0.76% |

# 6. Tithíocht

## a) Cad iad na tosca is tábhachtaí duit agus tú ag smaoineamh ar mhéid do thí a choigeartú (bogadh go teach a bhfeilfeadh a mhéid ní b'fhearr duit)?

*Fuarthas 608 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair trí fhreagróir déag (13) an cheist seo*

*Roghnaíodh 1568 freagra san iomlán - ceist ilroghnach*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| I ngar do sheirbhísí / siopaí, srl. | 338 | 21.56% |
| An Ceantar / Comharsanacht chéanna | 334 | 21.30% |
| I ngar d'iompar poiblí | 307 | 19.58% |
| Ní bhaineann sé seo liom, níl sé ar intinn agam méid mo thí a choigeartú | 217 | 13.84% |
| I ngar d'fhóntais phobail | 192 | 12.24% |
| A bheith i mo chónaí níos gaire do dhaoine muinteartha | 129 | 8.23% |
| Cúiseanna eile (tabhair sonraí thíos) | 33 | 2.10% |
| Infhaighteacht | 12 | 0.77% |
| Tá mo theach oiriúnaithe mar is cuí agam cheana féin | 6 | 0.38% |

## b An mbraitheann tú go bhfuil go leor faisnéise ar fáil duit faoi mhéid do thí a choigeartú agus na deontais atá ar fáil ina leith?

*Fuarthas 563 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair 58 freagróir an cheist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Tá | 88 | 15.63% |
| Níl | 475 | 84.37% |

# 7. Comhpháirteachas Poiblí agus Idirdhealú

## a) Ar fhulaing tú idirdhealú riamh sa chontae ar fhorais aoise?

*Fuarthas 614 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair seachtar (7) freagróirí an cheist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Tá | 67 | 10.91% |
| Níl | 547 | 89.01% |

## b) An bhfuil tú ar an eolas faoi Pharlaimint na Seanóirí in Éirinn?

*Fuarthas 617 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair ceathrar freagróirí (4) an cheist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Tá | 177 | 28.69% |
| Níl | 440 | 71.31% |

# 8. Covid-19

## a) Conas atá ag éirí leat leis na srianta a bhaineann le paindéim Covid 19?

*Fuarthas 617 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair ceathrar freagróirí (4) an cheist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| An-mhaith | 152 | 24.64% |
| Go maith | 192 | 31.12% |
| Measartha | 227 | 36.79% |
| Go holc | 30 | 4.86% |
| Gan dona ar fad | 16 | 2.59% |

## b) Cad iad na tacaíochtaí agus na seirbhísí a chuideodh leat déileáil níos fearr le maireachtáil le Covid-19?

*Fuarthas 364 freagra ar an gceist seo. As 621 freagróir, níor fhreagair 257 duine acu an cheist seo.*

*Luadh 407 Tacaíocht/Téama ar an iomlán. Saoirse téacs sna freagraí don cheist seo*

| Saincheist / Téama na Freagraí | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Ceann ar bith / Éiginnte | 81 | 19.91% |
| Spásanna agus Áiseanna Poiblí níos fearr Amuigh faoin Spéir<br>*(Amanna sonraithe faoi choinne daoine scothaosta, tuilleadh suíochán, bealaí rothaíochta níos fearr, tuilleadh áiteanna páirceála, spásanna páirceála reatha a atheagrú, córais siúil, cosáin a leathnú, bainistíocht sluaite.)* | 51 | 12.53% |
| Tacaíocht Sláinte agus Shóisialta<br>*(Tacaíocht don uaigneas agus tacaíocht shóisialta, cúntóir baile, tacaíocht ón dochtúir ginearálta, níos mó plé le seirbhísí sláinte, tacaíocht don mheabhairshláinte, tacaíocht sa phobal, seirbhísí comhairleoireachta)* | 50 | 12.28% |

| Saincheist / Téama na Freagraí | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Eile<br>*(Costas maireachtála / cúiseanna imní airgeadais; córas níos fearr don vacsaíniú/tástáil; moltaí/ceisteanna i dtaobh srianta in aimsir Covid-19; treoir na teilifíse a fheabhsú, cúiseanna imní faoin gcomhshaol)* | 41 | 10.07% |
| Srianta a cheansú/a chur i bhfeidhm | 39 | 9.58% |
| Cumarsáid agus Faisnéis<br>*(Easpa eolais ar na seirbhísí atá ar fáil; tuilleadh cumarsáide ar thacaíocht agus gníomhaíochtaí; eolas níos fearr ar a bhfuil ar fáil; tuilleadh eolais sa phost.; nuacht níos dearfaí; eolas níos soiléire maidir leis na srianta)* | 35 | 8.59% |
| Ionchuimsiú agus Idirdhealú Sibhialta agus Sóisialta<br>*(Gan aon duine a fhágáil ar leataobh; Tuairimí agus Luachanna; Abhcóideacht, go háirithe daoine gan aon tacaíocht teaghlaigh acu; Ionchuimsitheacht, etc.)* | 34 | 8.36% |
| Rochtain Dhigiteach agus an Teicneolaíocht<br>*(Tacaíocht Oiliúna i gcúrsaí Digiteacha; Inrochtaine Idirlín; tuilleadh gníomhaíochtaí/tacaíochta ar líne; maoiniú don teicneolaíocht)* | 27 | 6.63% |
| Siopadóireacht agus Seachadadh Soláthairtí<br>*(Amanna sonraithe do dhaoine scothaosta níos moille sa lá; caitheamh na masc agus uaireanta sonraithe a chur i bhfeidhm; Seachadadh in Aisce; Tuilleadh sliotáin ama ar líne; tuilleadh cúnaimh le seachadadh siopadóireachta)* | 28 | 6.88% |
| Páirtíocht Shóisialta<br>*(Gníomhaíochtaí/Grúpaí a thosú arís; smaointe siamsaíochta)* | 12 | 2.95% |
| Leabharlanna<br>*(Leabharlanna a oscailt arís; scéimeanna seachadta leabhar a fheabhsú; moladh do leabharlanna)* | 9 | 2.21% |

## 9. Gnó agus Fostaíocht

### a) Conas a mheasfá "a mhéid a thacaítear le daoine breacaosta" ar an iomlán i gcás na ngnólachtaí áitiúla i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin?

*Fuarthas 607 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair ceithre fhreagróir déag (14) an cheist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Iontach | 56 | 9.23% |
| An-mhaith | 218 | 35.91% |
| Maith | 248 | 40.86% |
| Measartha | 71 | 11.70% |
| Lag | 14 | 2.31% |

### b) Conas a mheasfá an rochtain ar dheiseanna fostaíochta do dhaoine breacaosta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin?

*Fuarthas 483 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair 138 freagróir an cheist seo.*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Iontach | 3 | 0.06% |
| An-mhaith | 20 | 4.14% |
| Maith | 101 | 20.92% |
| Measartha | 189 | 39.15% |
| Lag | 170 | 35.22% |

## 10. Rochtain Dhigiteach agus Teicneolaíocht

### a) An bhfuil rochtain agat ar an Idirlíon i do theach?

*Fuarthas 615 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair seisear (6) freagróirí an cheist seo.*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Tá | 601 | 97.23% |
| Níl | 14 | 2.28% |

### b) Cuir in iúl dúinn cén chúis (más ann di) nach n-úsáideann tú teicneolaíocht nó / agus nach bhfuil rochtain agat ar an Idirlíon?

*Fuarthas 399 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair 222 freagróir an cheist seo. Roghnaíodh 453 freagra san iomlán - ceist ilroghnach*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Ní bhaineann sé liom | 364 | 80.35% |
| Tá fón cliste / táibléad agam, ach níl a fhios agam conas é a úsáid | 28 | 6.18% |
| Níl a fhios agam conas é a úsáid / rochtain a fháil air | 23 | 5.08% |
| Eile | 13 | 2.87% |
| Níl d’acmhainn agam íoc as rochtain Idirlín | 9 | 1.99% |
| Níl d’acmhainn agam an teicneolaíocht a cheannach | 9 | 1.99% |
| Gan aon trealamh - fón cliste / ríomhaire glúine, srl | 5 | 1.10% |
| Níl aon spéis agam i dteicneolaíocht a rochtain / a úsáid | 2 | 0.44% |

### c) Conas agus cá háit a bhfaigheann tú rochtain ar an Idirlíon den chuid is mó? Roghnaigh thíos an gléas / na gléasanna a úsáideann tú chun dul ar an Idirlíon agus an áit / na háiteanna a dtéann tú ar an Idirlíon den chuid is mó

*Rogha – Fón cliste.*

*As 621 freagróir, níor ghlac 81 duine acu an rogha seo.*

*Roghnaíodh 540 freagra san iomlán - ceist ilroghnach*

| Suíomh i gcásanna go n-úsáideann freagróirí an tIdirlíon ar a bhFón Cliste | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Sa bhaile | 469 | 86.85% |
| Pointí WiFi saor in aisce | 33 | 6.11% |
| Ní úsáidim é | 20 | 3.70% |
| Eile | 13 | 2.41% |
| Leabharlann Áitiúil | 5 | 0.93% |
| Ionad Pobail Áitiúil | 0 | 0.00% |

*Rogha – Táibléad/iPad*

*As 621 freagróir, níor ghlac 81 duine acu an rogha seo.*

*Roghnaíodh 540 freagra san iomlán - ceist ilroghnach*

| Suíomh i gcásanna go n-úsáideann freagróirí an tIdirlíon ar a bhFón Cliste | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Sa bhaile | 383 | 81.49% |
| Pointí WiFi saor in aisce | 69 | 14.68% |
| Ní úsáidim é | 12 | 2.55% |
| Eile | 4 | 0.85% |
| Leabharlann Áitiúil | 2 | 0.43% |
| Ionad Pobail Áitiúil | 0 | 0.00% |

*Rogha – Ríomhaire Glúine/Ríomhaire*

*As 621 freagróir, níor ghlac 75 duine acu an rogha seo.*

*Roghnaíodh 546 freagra san iomlán - ceist ilroghnach*

| Suíomh i gcásanna go n-úsáideann freagróirí an tIdirlíon ar a bhFón Cliste | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Sa bhaile | 489 | 89.56% |
| Pointí WiFi saor in aisce | 31 | 5.68% |
| Ní úsáidim é | 12 | 2.20% |
| Eile | 7 | 1.28% |
| Leabharlann Áitiúil | 5 | 0.92% |
| Ionad Pobail Áitiúil | 2 | 0.37% |

## d) Ar mhaith leat páirt a ghlacadh in oiliúint maidir le rochtain a fháil ar an Idirlíon agus teicneolaíocht dhigiteach a úsáid?

*Fuarthas 596 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair 25 freagróir an cheist seo.*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Tá | 205 | 34.40% |
| Níl | 391 | 65.60% |

## 11. Tacaíocht Phobail agus Seirbhísí Sláinte

### a) Ar mhothaigh tú uaigneach nó ar leithlis sular tháinig ré Covid-19?

*Fuarthas 612 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair naonúr freagróirí (9) an cheist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Tá | 67 | 10.95% |
| Níl | 545 | 89.05% |

### b) Cad iad na seirbhísí agus na tacaíochtaí a chuideodh leat agus tú uaigneach agus ar leithlis?

*Fuarthas 254 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair 367 freagróir an cheist seo.*

*Luadh 305 Tacaíocht/Téama ar an iomlán – saoirse téacs sna freagraí don cheist seo*

| Saincheist / Téama na Freagraí | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí Sóisialta | 83 | 27.21% |
| Ní fios / Ní bhaineann le hábhar | 53 | 17.38 |
| Tacaíocht Sláinte agus Tacaíocht sa Bhaile | 31 | 10.16% |
| Srianta in aimsir Covid-19 a bhaint | 28 | 9.18% |
| Líne fóin / labhairt le duine éigin | 27 | 8.85% |
| Eile: | | |
| (Tacaíocht teaghlaigh agus ó chomharsana, siopadóireacht, banc bia, post páirtaimseartha, tithíocht phobail, páirceáil, trup, imní airgeadais) | 27 | 8.85% |
| Amuigh faoin Spéir | 18 | 5.90% |
| Faisnéis agus Cumarsáid | 14 | 4.59% |
| Tacaíochtaí Digiteacha | 13 | 4.26% |
| Seirbhísí Leabharlainne | 11 | 3.61% |

### c) An bhfuil a fhios agat cén duine ar féidir leat teagmháil a dhéanamh leis/léi más gá duit leas a bhaint as seirbhísí áitiúla sláinte i do cheantar, m.sh. tacaíocht tí, Béilí ar Rothaí, Ionaid Cúraim Lae, srl.

*Fuarthas 601 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair 20 freagróir an cheist seo.*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Tá | 245 | 40.77% |
| Níl | 356 | 59.23% |

### d) An bhfuil tú ar an eolas faoi sheirbhísí eile i do cheantar arna maoiniú ag FSS (nó an HSE mar is fearr aithne air), amhail seirbhísí cairdis nó abhcóideachta?

*Fuarthas 609 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair dháréag (12) freagróirí an cheist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Tá | 95 | 15.60% |
| Níl | 514 | 84.40% |

## 12. Sábháilteacht agus Slándáil

### a) An mbraitheann tú sábháilte i do theach féin?

*Fuarthas 616 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair cúigear (5) freagróirí an cheist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Tá | 576 | 93.51% |
| Níl | 35 | 5.68% |
| Ní bhaineann le hábhar | 5 | 0.81% |

### b) An bhfuil tú ar an eolas go bhfuil Scéim Foláirimh do Sheanóirí atá os cionn 65 bliain d'aois i bhfeidhm in dlr?

*Fuarthas 612 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair naonúr freagróirí (9) an cheist seo*

| Rogha | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Tá | 140 | 22.88% |
| Níl | 472 | 77.12% |

# 13. Aiseolas agus Tráchtanna Ginearálta

## a) Cad iad na príomhcheisteanna a mbeidh tionchar acu ar shaol daoine breacaosta i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin as seo go ceann 5 bliana, dar leat?

*Fuarthas 476 freagra ar an gceist seo; níor fhreagair 145 freagróir an cheist seo. Luadh 994 Gníomh/Téama ar an iomlán – Saoirse téacs sna freagraí don cheist seo*

| Saincheist / Téama na Freagraí | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Tacaíocht Sláinte agus Shóisialta<br><br>(Teacht ar chúram sláinte agus achar ama; Uaigneas, Leithlisiú agus Meabhairshláinte; easpa seirbhísí; Níos mó tacaíochta sa bhaile, cúntóir baile; MOW; Pobal ag dul anonn in aois; an saol tar éis aimsir Covid-19, srl.) | 175 | 17.61% |
| Iompar agus Soghluaisteacht<br><br>(Páirceáil; Trácht; Iompar Poiblí; Rothaíocht; Siúl go Sábháilte; Córais Aon Treo, srl.) | 165 | 16.59% |
| Spásanna Poiblí Amuigh faoin Spéir agus Cúrsaí Pleanála<br><br>(Cosáin; Páirceanna agus Spásanna Glasa; Iánaí rothar; Gníomhaíochtaí Amuigh faoin Spéir; Leithris; Madraí, Bruscar, etc.) | 131 | 13.18% |
| Tithíocht<br><br>(Easpa roghanna bogadh chuig áit chónaithe níos lú gar do sheirbhísí agus foinsí tacaíochta; Tithe Altranais; maireachtáil chuidithe, etc.) | 106 | 10.66% |
| Eile<br><br>(Costas maireachtála / cúiseanna imní airgeadais; an t-athrú aeráide agus an comhshaol; Pobal ag dul anonn in aois; buartha faoi chleithiúnaithe; Ní fios) | 90 | 9.05% |

| Saincheist / Téama na Freagraí | Iomlán | Céatadán |
|---|---|---|
| Páirtíocht Shóisialta<br><br>(Aonrú sóisialta agus uaigneas; gníomhaíochtaí molta a bheadh oiriúnach ó thaobh de, gníomhaíochtaí pobail agus idirghlúine, saor in aisce agus teacht ag cách orthu; Cumarsáid níos fearr, etc.) | 90 | 9.05% |
| Sábháilteacht agus Slándáil<br><br>(Iompar frithshóisialta, spásanna poiblí, DART, etc.; Slán Sábháilte sa bhaile agus amuigh sa phobal; Póilíneacht Phobail; Coireacht, buirgléireacht, etc.) | 53 | 5.33% |
| COVID-19<br><br>(Srianta; Tionchar ar an gCóras Sláinte; Iarmhairtí ó aimsir Covid-19; Uaigneas, Leithlisiú, Buairt; filleadh ar an saol mar a bhí, etc.) | 47 | 4.73% |
| Rochtain Dhigiteach agus an Teicneolaíocht<br><br>(Scileanna sa Litearthacht Dhigiteach; Eolas chun dáta ar an Teicneolaíocht; Teacht ar an tsiopadóireacht/baincéireacht ar líne; Teacht ar an teicneolaíocht, etc.) | 39 | 3.92% |
| Gnó, Fostaíocht agus Forbairt dlr agus ann<br><br>(Gnólachtaí áitiúla; Baincéireacht agus Siopadóireacht Aoisbháúil, etc., Forbairt in dlr; Gnólachtaí ag teastáil-cothabháil, glantachán, etc.; Dún Laoghaire mar bhaile mór a bheadh báúil dóibh siúd a bhfuil néaltrú orthu, etc.) | 37 | 3.72% |
| Ionchuimsiú agus Idirdhealú Sibhialta agus Sóisialta<br><br>(Gan aon duine a fhágáil ar leataobh; Tuairimí agus Luachanna; Abhcóideacht, go háirithe daoine gan aon tacaíocht teaghlaigh acu; Ionchuimsitheacht, etc.) | 34 | 3.42% |
| Cumarsáid agus Faisnéis<br><br>(Easpa eolais ar na seirbhísí atá ar fáil; tuilleadh cumarsáide ar thacaíocht agus gníomhaíochtaí; eolas níos fearr ar a bhfuil ar fáil; tuilleadh eolais sa phost.) | 27 | 2.72% |

# Tagairtí

An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach - Inclusion in Ireland: Connectivity, Devices and Skills (2021, téacs Béarla)

An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach: Emerging Well-Being Framework (2021, téacs Béarla)

An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte 2002: An tAosú Gníomhach

An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte 2007: Global Age-Friendly Cities: A Guide

An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte 2015: World Population Ageing

An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte 2018: Age-Friendly Environments in Europe

Aoisghníomhaíocht: Supporting Digital Literacy Among Older People (2018)

Aoisbhá Éireann: Housing for Older People, Future Perspectives

An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine LADTI+ 2019-2021 (2019)

An Straitéis Náisiúnta Néaltraithe (2021)

Comhaontas ENRanna Earnáil na Scothaoise: Telling it like it is (2021)

Dearbhú Bhaile Átha Cliath maidir le Cathracha agus Pobail Aoisbháúla san Eoraip (2013)

Éire 2040 - An Tionscadal - An Creat Náisiúnta Pleanála

Éire na Sláinte 2013 – 2025

Housing Need and Demand Assessment Framework (2021, téacs Béarla)

Institiúid Náisiúnta um Shláinte Phoiblí - Uaigneas agus Aosú: Éire, Thuaidh agus Theas (2016) Plean Corparáideach CCDLRD (2021-2025)

Plean Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin na Sláinte 2019-2024

Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil Chomhairle Contae Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (2016-2021)

Plean Forbartha Contae CCDLRD (2022)

Plean Gníomhaíochta Idirnáisiúnta Mhaidrid maidir le hAosú (2002)

Plean Straitéiseach Ghrúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais CCDLRD chun Tithíocht a chur ar fáil do Dhaoine faoi Mhíchumas (2021-2026)

Plean Straitéiseach Aostacht agus Deiseanna 2021-2023

Straitéis Dhigiteach 2021-2024 CCDLRD

Straitéis Náisiúnta na gCúramóirí (2019)

Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíoch do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre 2019-2031

Staidéar Sláinte Taistealaithe Uile-Éireann (2010)

Tionscnamh um Aosú Sláintiúil agus Dearfach, 2016

Tithíocht do Chách: Plean Tithíochta Nua d'Éirinn (2021)

# Buíochas

Gabhaimid buíochas ó chroí leis na daoine, grúpaí agus eagraíochtaí ar fad a ghlac páirt sna comhairliúcháin agus in ullmhúchán Straitéis Aoisbhá dlr 2022-2026. Buíochas ó chroí leis na baill ar fad i gComhaontas Aoisbhá dlr agus le baill foirne CCDLRD, is iad sin Therese Langan, Stiúrthóir Seirbhísí, an Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha; Mary Ruane, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, an Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha; Siobhán Nic Gaoithín, Bainisteoir an Chláir Aoisbhá agus Oifigeach um Ionchuimsiú Sóisialta; Ian Smalley, Oifig Riaracháin, an Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha; Catherine Gallagher, Leabharlannaí Contae; Sandra Kelly, Oifigeach Pobail Sinsearach; Mary White, Oifigeach Pobail Limistéir; Edwin Johnson, Comhairleoir Teicniúil um an Tithíocht Aoisbháúil; Deirdre Baber, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, an Rannóg Tithíochta agus na baill ar fad i Meitheal Idir-Rannach Aoisbhá CCDLRD.

Grianghraif © Peter Cavanagh Photography - www.irishphoto.com

**Clár Aoisbhá dlr**

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
An Rannóg Forbartha Pobail agus Cultúrtha,
Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire,
Contae Bhaile Átha Cliath, Éire. A96 K6C9
T: 01 205 4893  R-phost: community@dlrcoco.ie  www.dlrcoco.ie  @AgeFriendlydlr

Comhairle Contae County Council

Dún Laoghaire Rathdown Age Friendly County